Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Clár Ábhair

Brollach 03

Caibidil 1: Réamhrá 05

Caibidil 2: An Bhliain faoi Athbhreithniú 09
Cóimheas Staitisticí 09
Léibhéal na n-Iarratas chuig Comhlachtaí Poiblí 09
An Cineál Iarratais 10
An Cineál Iarrathóra 10
Rátaí Scaoilte 10
Iarratais chuig m'Oifig le hAghaidh Athbhreithnithe 11
Táillí Faighte 12
Athbhreithnithe ar Chinntí 12
Am a Chaitear le hAthbhreithnithne a Chríochnú 12
Toradh na nAthbhreithnithe 12
Fiosruithe Ginearálta ar dhéileáil m'Oifig leo 13
Fógraí Reachtúla 13
Teastais éisithe faoi Acht SF 14
Achomhairc chuig an Ard-Chúirt agus an gCúirt Uachtarach 14
Comhlachtaí ura faoi Théarmaí Tagartha an Achta SF 14
Athbhreithniú ar Fhorálacha Neamhnochta 15
Scoileanna Tionscalaíocha agus Ceartúcháin agus Páistí faoi Chúram an Stáit 15
Athbhreithniú ar an Láithreán Greásáin 16
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 16
An Fhoireann 16

Caibidil 3: Saincheisteanna a tháinig chun Solais 19
Réamhrá 19
Tuarascálacha Cigireachta ar Scoileanna 19
Tuarascálacha Cigireachta ar Thithe Altranais 22
Rochtain ar Thaifid Daoine Éagtha 23
Bainistíocht Taifead 27
Iompar Amhrasach de Chomhlacht Poiblí agus Triú Páirtí 28
Alt 29 29
Breithiúnais na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí 30

Caibidil 4: Cinntí 33
Innéacs na nÁbhar Clúdaithe 33
Taifid a Bhaineann le Binsí nó Fiosraithe 33
Athleasú ar Thaifid Leighis 35
Rochtain ar Thaifid Shíciatracha 36
Cruthú de Thaifid úra d'fhonn Iarratas a Dheonú 37
Scóip na nAthbhreithnithe Inmheánacha 37
Taifid an Rialtais 38

Caibidil 5: Staitisticí 41
Innéacs do na Táblaí 41
Cuid I - Comhlachtaí Poiblí 42
Cuid II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise 50

Aguisín I: Tuarascáil ar Dheimhnithe ó Áiri Arna n-Eisiúint faoi Alt 25 53

Aguisín II: Athbhreithniú Faoi Alt 25(7) ar Dheimhnithe Arna n-Eisiúint ag Áirí 54

Liosta Foirne 55

Innéacs 56

Brollach

Déanaim leis seo mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha alt 40(1)(c) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (leasaithe). Is é seo an ochtú Tuarascáil Bhliantúil atá curtha faoi bhráid i ndáil le hobair Oifig an Choimisinéara Faisnéise ó bunaíodh i 1998 í.

Emily O'Reilly
An Coimisinéir Faisnéise

Bealtaine 2006



01

Réamhrá

Creidim go bhfuil sé ar chumas an Achta SF, go ginearálta, an gá d'oscailteacht agus trédhearcachta a ghrádú i gceart leis an ngá taifid áirithe a chosaint.

Is é seo mo thríú Tuarascáil Bhliantúil mar Choimisinéir Faisnéise, a chlúdaíonn an tréimhse ó 1 Eanáir 2005 go dtí 31 Nollaig 2005, mo dhara bhliain iomlán san oifig.

Tháinig mé isteach sa phost go díreach i ndiaidh leasaithe an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF) i 2003 agus tabhairt isteach na dtáillí. Tá sé suimiúil machnamh a dhéanamh ag an bpointe seo ar stádas an Achta trí bliana tar éis teacht i bhfeidhm na leasuithe.

Ar leibhéal amháin, níl an léargas ródhearfa. Sa Thuarascáil ar Alt 32, a chuir mé faoi bhráid an Comhchoiste um Airgeadais agus an tSeirbhís Phoiblí le déanaí (féach www.oic.gov.ie), tá cur síos ar mo bhuarthaí faoi líon na gcomhlachtaí poiblí atá fós fágtha lasmuigh den Acht; faoi leibhéal d'fhorálacha rúndachta fós sa reachtaíocht; agus faoin mbealach ar éirigh le Ranna Rialtais áirithe, i ndáiríre, an tAcht SF a leasú i ndáil le comhlachtaí áirithe a bhí faoi réir an Achta roimhe seo. (Tharla seo trí réimsí áirithe a eisiamh ó mhionscrúdú SF, trí reachtaíocht úr nó reachtaíocht a leasú.)

Níl glactha ag na hiarratais, ón Oifig seo san áireamh, chuig an Roinn Airgeadais i ndáil le córas táillí níos boige a thabhairt isteach. Tá iarratais SF ó na meáin, i gcomhréir le líon nanhiarratas go léir a dhéantar, níos ísle anois ná bhí riamh.

Ach níl an léargas seo diúltach go hiomlán, áfach. I mo thuairimse, ba í an phríomhiarmhairt a bhí ag tabhairt isteach an Achta SF ná gur athraíodh an cultúr thart ar scaoileadh faisnéise oifigiúla don phobal. Ba í an pháirt ba thábhachtaí den aistriú seo ná athrú in ionchas an phobail i ndáil le scaoileadh faisnéise den sórt seo.

Níos mó ná cúig bliana ó shin, dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tuarascálacha cigireachta scoile a scaoileadh, ag maíomh go ndéanfaí dochar mór don chóras oideachais. Chumhdaigh an Chúirt Uachtarach an diúltú seo i 2005. Cúpla bliain bheag i ndiaidh chinneadh na Roinne, áfach, mar gheall ar éileamh agus ionchas an phobail d'fhaisnéis chun iad a threorú i gcinnteoireacht i ndáil le hoideachas a bpáistí, ní hamháin go bhfuil na tuarascálacha le scaoileadh, ach ta ráite ag an Roinn go mbeidh scaoileadh den sórt seo chun tairbhe na gcomhpháirtithe uile sa phróiseas oideachais.

Tá brú ionchais cosúil leis seo forbartha thart ar scaoileadh Thuarascálacha Cigireachta na dTithe Altranais. Cé nach bhfuil sé soiléir go fóill – agus an Tuarascáil seo á hullmhú – cá huair nó cén fhormáid ina ndéanfar na tuarascálacha seo a chur ar fáil, tá gealltanas soiléir tugtha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfoilseofar na tuarascálacha agus tá mé ag súil go gcoinnítear an gealltantas sin.

Nuair a bhíonn scaoileadh de thaifid oifigiúla i gceist, bíonn teannas i gcónaí idir lucht an riaracháin agus an pobal. Is inondúil go dtarlaíonn corrchéim sa treo codarsnach nuair a bhítear ag iarraidh céimeanna i dtreo oscailteachta níos mó a bhaint amach. Creidim go bhfuil sé ar chumas an Achta SF, go ginearálta, an gá d'oscailteacht agus trédhearcachta a ghrádú i gceart leis an ngá taifid áirithe a chosaint. Tá forálacha cuimsitheacha san Acht SF cheana chun faisnéis a chosaint nuair a bhíonn gá í a chosaint. Ní bhaineann reachtaíocht na Saorála Faisnéise le scaoileadh tútach agus neamhdhifreálach taifead, ach is éard atá i gceist ná cead a thabhairt don phobal – chomh comhsheasmach agus is féidir le leas an phobail agus ceart ar phríobháideacht – ar fhaisnéis atá riachtanach chun rannpháirtíocht iomlán agus eolasach a ghlacadh i stát daonlathach.

Sa chomhtéacs seo, tá an tuarascáil GRECO (Grúpa de Stáit in aghaidh Éillithe), a ghlac Comhairle na hEorpa i mí na Nollag 2005 suimiúil. [Déanann GRECO monatóireacht ar cur i bhfeidhm na mballstát maidir leis na Prionsabail Threoracha sa Chomhrac in aghaidh Éillithe agus cur i bhfeidhm ionstraimí reachtúla idirnáisiúnta a glacadh de bhun an Chláir Ghníomh in aghaidh Éillithe.] Aithníonn tuarascáil GRECO an tábhacht a bhaineann le "trédhearcacht i riarachán poiblí [mar] ghné thábhachtach maidir le héilliú a chosc chomh maith le muinín ghinearálta sa riarachán a chothú "agus, maidir leis seo, cuireann sé béim ar thábhacht thabhairt isteach an Achta SF, 1997. Labhraíonn sé go diúltach ar iarmhairt réisím na dtáillí úra, áfach, a tugadh isteach i 2003. Tugann sé faoi deara go "bhféadfadh na rialacha úra cosc a chur ar an bpobal faisnéis a iarraidh agus/nó achomharc a dhéanamh nuair a diúltaitear faisnéis". Os cionn gach uile ní (dar le GRECO) cuireann scéim na dtáillí comhartha diúltach amach ag an bpobal, a bhréagnaíonn na prionsabail ghinearálta maidir le ceart rochtana ar fhaisnéis oifigiúil. Molann tuarascáil GRECO gur cheart d'Éirinn "athbhreithniú a dhéanamh ar chóras na dtáillí d'iarratais" faoin Acht SF chomh maith leis na táillí a rialaíonn achomhairc SF. Luíonn anailís agus moltaí GRECO leis an staid a ghlac m'Oifig ó 2003.

AN TUARASCÁIL SEO

Mionsonraíonn an Tuarascáil seo roinnt cásanna suntasacha agus déileálann sí le roinnt ceisteanna tábhachtacha a tháinig chun cinn le linn 2005. I gCaibidil 2 tá athbhreithniú ar an bhliain i dtéarmaí úsáide an Achta SF agus tagraítear do roinnt cúrsaí a bhaineann le hobair m'Oifige chomh maith. I gCaibidil 3 tá mo thráchtaireacht ar cheisteanna tábhachtacha éagsúla a d'eascair le linn na bliana, gur chúis imní dom cuid acu. I gCaibidil 4 tá achoimrí ar roinnt cinntí tábhachtacha athbhreithnithe a ghlac mé le linn na bliana. I gCaibidil 5 tá staitisticí éagsúla a dhéileálann le húsáid an Achta ar bhonn iomlán agus rannach chomh maith le staitisticí a bhaineann le hathbhreithnithe lenar dhéileáil m'Oifig.

D'ainneoin na srianta atá ann mar thoradh leasaithe an Achta i 2003, agus tabhairt isteach na dtáillí ina dhiaidh sin i ndáil le faisnéis neamhphearsanta, leanann an tAcht, mar sin féin, de mhórán torthaí dearfacha agus sonracha a bhaint amach d'iarrthóirí aonair agus don tsochaí go ginearálta araon. Ina measc siúd gur fiú cur san áireamh, tá an scaoileadh faoin Acht de thuarascálacha cigireachta ar thithe altranais. Is ceart a rá fosta go bhfuil cinneadh an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ar tuarascálacha cigireachta scoile a fhoilsiú, mar thoradh ar iarratais déanta faoin Acht SF.

Maidir leis an gceist cé chomh fada is ceart dul ó thaobh fhoilsiú na dtuarascálacha cigireachta scoile, bhí seo ina cheist chonspóideach agus tá an chosúlacht ann go leanfaidh sí ar aghaidh mar seo. I gCaibidil 3, déanaim trácht ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i ndáil leis an gceist seo agus ar an bhfíric go bhfuil i ndáiríre, i 2006, an pobal ag fáil an rud a diúltaíodh i 2000. Pléim an cheist an leor an cinneadh a rinne an tAire le déanaí maidir le tuarascálacha a fhoilsiú chun dul i ngleic le riachtanais faisnéise tuismitheoirí agus an phobail i gcoitinne.

Maidir le foilsiú na dtuarascálacha ar chigireachtaí ar thithe altranais phríobháideacha, pléitear seo i gCaibidil 3 i gcomhthéacs ghealltanas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a tugadh i Meitheamh 2005, gach uile thuarascáil den sórt seo a fhoilsiú mar an ngnách rud ceart le déanamh.

I Meitheamh 2004 d'fhoilsigh mé tuarascáil m'imscrúdaithe, a rinneadh de réir an Achta SF, i ndáil le hiarmhairt na leasuithe ar an Acht i 2003 agus tabhairt isteacht na dtáillí, ina dhiaidh sin, ar iarratais rochtana ón bpobal. I mo Thuarascáil Imscrúdaithe chuir mé in iúl, tar éis cleachtais dlínsí comhchosúla eile a scrúdú, go bhfuil Éire ina haonar, nach mór, ó thaobh táillí a ghearradh nuair a lorgaítear athbhreithniú nó achomharc faoin Acht SF. Maidir leis seo, tá roinnt moltaí déanta agam agus creidim go gcuirfeadh siad feabhas ar fheidhmiú an Achta. Ina measc sin mhol mé go gcuirfí an polasaí, i ndáil le táillí a ghearradh ag céim athbhreithnithe inmheánaigh agus i gcás iarratas chuig m'Oifig, in áireamh i gcomhthéacs athbhreithnithe ar bith ar an Acht sa todhchaí. Mhol mé fosta gur cheart táillí achomhairc a aisíoc nuair a éiríonn le hachomharc agus déantar an bunchinneadh a thiontú. D'ainneoin moladh cosúil leis seo ó Chomhchoiste an Oireachtais um Airgeadais agus an tSeirbhís Phoiblí, níl rud ar bith déanta ag an Roinn go fóill maidir le haisíoc na dtáillí i gcúinsí ina n-éiríonn le hachomharc i gcoinne chinneadh comhlachta phoiblí. Creidim go bhfuil sé tábhachtach, agus mé ag cur tuairisce roimh Tithe an Oireachtais, go gcuirfinn na moltaí seo in iúl arís.

I mo Thuarascáil Imscrúdaithe, freisin, léirigh mé an tuairim go dtig le baill na meán níos mó a dhéanamh chun feidhmiú an Achta seo a bharrfheabhsú óna bpeirspictíocht féin. Mhol mé gur cheart go ndéanfadh iriseoirí agus eagraíochtaí na meán a straitéisí a scrúdú tuilleadh sa chás seo. D'ainneoin seo, cuirim síos i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo gur lean céatadán na n-iarratas déanta ag iriseoirí ag laghdú. Is

léir go raibh tabhairt isteach na dtáillí d'fhaisnéis neamhphearsanta mar phríomhghné sa laghdú an-suntasach seo atá tarlaithe. Is fiú a rá go bhfuil titim i líon na n-iarratas faoin Acht, déanta ag iriseoirí, ó 2001 i leith. Sa bhliain 2001 thainig 20% de na hiarratais SF ó iriseoirí; sa bhliain 2005 níor thainig ach 6.5% de na hiarratais SF ó iriseoirí. Mar sin féin, tá a fhios agam go bhfuil úsáid éifeachtach á baint as an Acht ag iriseoirí agus craoltóirí i gcónaí. De bharr seo, thainig scéalta agus ábhar chun tosaigh lena bhain an-tábhacht ó thaobh leasa an phobail de agus a spreag díospóireacht i measc na bpolaiteoirí agus an phobail i gcoitinne. Tá sé seo léirithe i gcolláis de cheannlínte nuachtáin a foilsíodh le gairid atá le fáil sna leathanaigh i lár na Tuarascála seo.

Is léir domsa ó ceapadh mé go bhfuil roinnt aimhrialtacht sa reachtaíocht SF reatha. Is mór an trua é, ag an am, nár tapaíodh an deis chun dul i gcomhairle le mo réamhtheachtaí nuair a leasaíodh an tAcht i 2003. Chuideodh a leithéid de chomhchomhairle aimhrialtachtaí a bhí ann a réiteach agus, ag an am céanna, cruthú cinn úra a sheachaint. Níl sé ar intinn agam gach aimhrialtacht a lua sa Tuarascáil seo; cé go mbéinn sásta seo a dhéanamh i gcomhthéacs athbhreithnithe eile ar an Acht, rud atá riachtanach, i mo thuairimse. I gCaibidil 3 cuirim síos ar na deacrachtaí a thagann chun cinn go minic maidir leis an mbealach a ndéileálann comhlachtaí poiblí le halt 29 den Acht le cois fadhbanna agus mearbhall thart ar cheist na rochtana [faoi alt 28(6) den Acht] ar fhaisnéis phearsanta daoine éagtha.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chabhair atá tugtha ag mo chomhoibrithe san Oifig seo agus dá dtiomantas agus tacaíocht leanúnach ar fud na bliana. Ba mhaith liom go háirithe buíochas a ghabháil leis an Ard-Stiúrthóir, Pat Whelan, agus le Fintan Butler, Cathal Duffy, John Doyle agus Frank Forde as an sárobair a rinne siad i dtiomsú na Tuarascála Bliantúla seo.

02

An Bhliain Faoi Athbhreithniú

Tig an titim fhoriomlán i líon na n-iarratas SF a rinneadh chuig comhlachtaí poiblí idir 2003 agus 2005 a chur i leith chánachas na dtáillí d'fhaisnéis neamhphearsanta .....

CÓIMHEAS STAITISTICÍ

Le cúpla bliain anuas, tá aird tugtha agam féin agus mo réamhtheachtaí ar na deacrachtaí leanúnacha a bhaineann le staitisticí a fháil agus a thiomsú chun iad a úsáid inár dTuarascálacha Bliantúla. I mo thuarascáil do 2003, rinne mé mionchur síos ar raon na bhfadhbanna a bhí ag teacht chun cinn agus léirigh mé, mar thoradh air seo, nach raibh na staitisticí maidir le húsáid agus cleachtas SF iontaofa i gcónaí. Bhraith mé go raibh Láraonad Polasaí (CPU) na Roinne Airgeadais i mbun athbhreithnithe ar na gnáthaimh a bhaineann le tiomsú na staitisticí seo. I dTuarascáil na bliana anuraidh, bhraith mé go raibh fadhbanna i roinnt earnálacha fós, go sonrach, i ndáil le hiontaofacht an ríomha, ainneoin na cabhrach dearfaí ó Fhoghrúpa Staitisticí Ghrúpa Oibre Idir-rannach na Saorála Faisnéise, a bunaíodh chun cineál, formáid agus tréimhsiúlacht staitisticí a athbhreithniú ó tháinig an tAcht i bhfeidhm. Dá bharr seo, scríobh m'Oifig chuig an CPU agus bhreathnaigh an Foghrúpa Staitisticí ar na ceisteanna a luaigh mé ina dhiaidh sin agus d'aontaigh siad roinnt beart a raibh sé mar aidhm acu feabhas a chur ar chaighdeán staitisticí SF.

Táim sásta feabhas suaitheanta i soláthar staitisticí don Tuarascáil seo go ginearálta a chur in iúl agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do bhaill an Fhoghrúpa Staitisticí as a n-iarrachtaí seo a dhéanamh.

Cé go dtagann fadhbanna chun cinn fós maidir le tráthúlacht sholáthar na staitisticí ó earnálacha áirithe, aithním go bhfuil feabhas tagtha sa réimse seo i gcomparáid le blianta eile. Fadhb faoi leith atá tugtha faoi deara agam ná nach bhfuil roinnt comhlachtaí ag tabhairt staitisticí míosúla, mar is gá, agus de bharr na teipe seo, bíonn éifeacht iarmharachta ar chumas comhlachtaí den sórt seo staitisticí a chur ar fáil i mbealach tráthúil ag deireadh na bliana. Táim buartha fosta go dtagann aimhrialtachtaí chun chinn fós, i roinnt comhlachtaí poiblí, i roinnt cásanna idir lámha a chuirtear ar aghaidh ag deireadh na bliana go dtí tús na bliana dár gcionn.

Molaim go láidir don CPU céimeanna a ghlacadh chun dul i ngleic leis na laga atarlaithe seo i soláthar staitisticí agus a chinntiú go gcoinnítear an dul chun cinn atá déanta i mbliana. Leanfaidh mé de mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcás i 2006 agus tá rún agam athbhreithniú a dhéanamh ar an gceist arís i mo chéad Tuarascáil Bhliantúil eile.

LÉIBHÉAL NA N-IARRATAS CHUIG COMHLACHTAÍ POIBLÍ

Le linn 2005 rinneadh tuairim is 14,616 iarratas chuig comhlachtaí poiblí faoin Acht SF. Léiríonn an figiúr seo méadú de 2,019 iarratas (+16%) ar 2004 ach laghdú de 3,827 (-21%) ar 2003. Cé go bhfuil fáilte roimh an méadú ar úsáid na hAchta le linn 2005, tá sé sin inchurtha go mór mhór i leith méadaithe i líon na n-iarratas ar fhaisnéis phearsanta a rinneadh chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le linn na bliana. Tháinig méadú ar an sórt sin d'iarratais chuig an Roinn ó 1,696 i 2004 go 3,609 i 2005. Tuigim go bhfuil an borradh seo go mór de bharr daoine a chur iarratais isteach chuig an mBord um Shásamh Institiúidí Cónaithe, ag lorg taifead ón Roinn a bhain lena dtráth i gcúram cónaitheach, agus iad ag ullmhú chun seo a dhéanamh. Mar go raibh an dáta deiridh d'iarratais chuig an mBord um Shásamh thart le linn 2005, táim sásta nach gcoinneofar an leibhéal seo d'iarratais le linn 2006.

Tig an titim fhoriomlán i líon na n-iarratas SF a rinneadh chuig comhlachtaí poiblí idir 2003 agus 2005 a chur i leith chánachas na dtáillí d'fhaisnéis neamhphearsanta, mar a shainaithin mé i mo Thuarascáil Imscrúdaithe a foilsíodh i 2004. Bhí an líon d'iarratais a

Ionad	Comhlacht Poiblí	2003	2004	2005
1	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1)	2,736	1,840	3,716
2	FSS Dheas (2)	782	732	731
3	FSS Thiar (5)	608	456	521
4	FSS Thoir Theas (8)	440	401	495
5	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (3)	593	559	462
6	FSS Thiar Thuaidh (4)	405	541	440
7	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (7)	636	444	433
8	An Roinn Sláinte agus Leanaí (6)	834	446	392
9	FSS Limistéar Thuaidh (-)	296	233	366
10	FSS Thoir Thuaidh (9)	476	343	349

rinneadh le linn 2005 i ndáil lena raibh táille iníoctha beagnach mar an gcéanna le 2004.

Taispeánann an tábla thuas na deich gcomhlacht phoiblí faoi réir na coda is mó d'iarratais le linn 2005 (tá staid na bliana roimhe á dtaispeáint i lúibíní)). Chun críche comparáidí a dhéanamh le blianta roimhe sin, rinneadh mé staitisticí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a bhriseadh síos i réimsí a bhí clúdaithe ag na hiar-Bhoird Sláinte réigiúnacha. Tá staitisticí foriomlána don FSS, a tháinig isteach i dtús na bliana 2005, i gCaibidil 5 (féach Tábla 8).

I mo Thuarascáil Bhliantúil do 2004, agus i mo Thuarascáil Imscrúdaithe 2004, chur mé béim ar rud ar chonaic mé mar thitim shuntasach i líon na n-iarratas SF curtha isteach chuig Ranna Stáit. Léiríonn an tábla thíos an mbealach ar aisiompaíodh an laghdú seo go méid teoranta le linn 2005. Cé go bhfáiltím gur tháinig méadú ar na figiúirí do gach ceann den trí Roinn, ní fios go fóill an leanfar den treocht seo bliain ar bhliain, agus go cinnte, ní thig liom a shamhlú go rachfaí ar ais chuig na leibhéil d'úsáid a bhí ann roimh 2003 gan athbhreithniú a dhéanamh ar cheist an dtáillí 'aitheantais' agus athruithe a dhéanamh.

AN CINEÁL IARRATAIS

I mo Thuarascáil Bhliantúil do 2004, bhraith mé go raibh iarratais le haghaidh faisnéise pearsanta go comhréireach trí huaire níos mó ná líon na n-iarratas d'fhaisnéis neamhphearsanta . Lean an laghdú ar an méid d'iarratais neamhphearsanta ar aghaidh i 2005 agus frithshuíonn sé seo go soiléir leis an gcás i 2001 agus 2002 nuair a bhí na figiúirí scoilte go cothrom beagnach. Léiríonn an fhianaise seo go soiléir gur tharlaigh an t-athrú suntasach in iompar an úsáideora de thairbhe gur tugadh isteach na táillí 'aitheantais' i 2003 d'fhaisnéis neamhphearsanta amháin.

AN CINEÁL IARRTHÓRA

Ba iad gnáthbhaill an phobail nó eagraíochtaí ionadaithe (82%) a rinne formhór na n-iarratas SF, agus iriseoirí (6.5%), gnóthaí (5.5%), foireann comhlachtaí poiblí (5%) agus baill an Oireachtais (1%), a chuimsíonn na catagóirí d'iarrthóirí eile. Níl mórán athraithe tagtha ar na figiúirí bliantúla seo le blianta beaga anuas seachas leibhéal céadatáin d'iarratais déanta ag iriseoirí ar a bhfuil laghdú tagtha ó 2001 ó 20% go 6.5% amháin i 2005. Mar sin féin, baineann na meáin úsáid as torthaí SF i bhfoilseacháin nó i gcraoltaí scéalta a bhaineann le SF ar bhonn laethúil beagnach.

RÁTAÍ SCAOILTE

Le linn 2005, ceadaíodh 43% d'iarratais le comhlachtaí poiblí ar déileáladh leo go hiomlán agus rinneadh 27% a pháirtcheadú. Ciallaíonn seo, ag cur an 2% d'iarratais a aistríodh agus 13% d'iarratais a aistarraingíodh nó ar déileáladh leo lasmuigh den SF san

	2002	2003	2004	2005	(02 - 05)
Roinn an Taoisigh	141	142	45	60	- 57%
An Roinn Airgeadais	326	305	78	93	- 71%
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	205	153	62	86	- 58%

áireamh, diúltaíodh 15% d'iarratais i 2005 i gcomparáid le 16% i 2004 agus 17% i 2003.

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, tá difríochtaí idir earnálacha i ndáil le rátaí scaoilte. Léiríonn Caibidil 5 (Tábla 5) go bhfuil na húdaráis áitiúla, (57%), boird sláinte (66%), institiúidí tríú leibhéal (55%) agus na hospidéil dheonacha / gníomhaireachtaí meabhairshláint / comhlachtaí deonacha (60%) níos claonta do scaoileadh iomlán a cheadú ná a gcomhoibrithe sa Státseirbhís (líostaithe i Tábla 6, Caibidíl 5) agus comhlachtaí eile (liostaithe i Tábla 11, Caibidil 5) nach gceadaíonn scaoileadh iomlán i 23% agus 31% de chásanna faoi seach.

Cé go bhfuil an ráta scaoilte iomláin do chomhlachtaí poiblí eile beagnach mar a bhí sé le blianta beaga anuas, leanadh de phatrún a sainaithníodh i dTuarascálacha Bliantúla le gairid maidir leis an Státseirbhís. Ba é an ráta scaoilte iomláin don Státseirbhís ná 37% i 2003, 30% i 2004 agus tá laghdú tagtha air anois go dtí 23% i 2005. I mo Thuarascáil Bhliantúil do 2003 bhraith mé go raibh 60% d'iarratais na Státseirbhíse d'fhaisnéis phearsanta agus bhí seo íseal i gcomparáid leis na Boird Sláinte. Mar go bhfuil méadú tagtha ar an bhfigiúr seo le dhá bhliain anuas go dtí 74% agus 80% faoi seach, bheinn ag dréim go gnách go méadódh an ráta scaoilte iomláin le bheith ar aon dul leis na leibhéil mhéadaithe d'iarratais d'fhaisnéis phearsanta. Níl na cúiseanna nach dtéann na treochtaí seo leis an bpatrún ionchais seo soiléir, ach i ndiaidh scrúdaithe ar na staitisticí ábhartha, táim sásta go bhfuil siad sceabhach go méid áirithe mar gheall ar an líon an-ard d'iarratais a cuireadh chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta d'fhaisnéis phearsanta. Léiríonn na staitisticí gurb é an ráta scaoilte iomláin don Roinn le linn 2005 ná díreach 7% de na hiarratais uile ar déileáladh leo. Míníonn an méid mór d'iarratais a rinneadh leis an Roinn ó dhaoine ag lorg taifead a bhain leis an am ar chaith siad i gcúram an ráta an-íseal seo. Mar go raibh roinnt mhór de na taifid a lorgaíodh dátaithe siar go dtí na 1950idí, go minic tharlaíodh sé nach rabhthas ábalta teacht ar chuid nó iomlán den sórt seo de thaifid.

Ag cur an easpa dóchúil i ndáil le líon mór den chineál seo cásanna, táim ag dréim go mbeidh méadú ar ráta scaoilte iomláin na Státseirbhíse le linn 2006. Tá sé mar aidhm agam dul i ngleic leis an gceist seo arís i mo chéad Thuarascáil Bhliantúil eile.

IARRATAIS CHUIG M'OIFIG LE hAGHAIDH ATHBHREITHNITHE

Nuair nach mbíonn iarrthóir sásta le cinneadh an chomhlachta phoiblí ar a iarratas/hiarratas SF, tig leis/léi iarratas a chur chuig m'Oifig chun athbhreithniú a fháil ar an gcinneadh sin. Sa chuid is mó de na cásanna, is éard a bheidh san athbhreithniú seo an tríú anailís agus cinneadh sa chás sin. Bíonn an cinneadh a thagann i ndiaidh m'athbhreithnithe ceangailte go dleathach agus tig é a achomharc chuig an Ard-Chúirt, ach ar phointe dlí amháin.

Tháinig an líon d'iarratais a cuireadh chuig m'Oifig le haghaidh athbhreithnithe le linn 2005 go dtí 380. Léirigh seo laghdú de 54 cás nó 12% ar 2004. Mar a taispeánadh i gCaibidil 5 (Tábla 13), glacadh le 285 de na hiarratais sin le haghaidh athbhreithnithe le linn 2005. Tá seo i gcomparáid le 333 le linn 2004. Tharla an titim seo de bharr laghdaithe i líon na n-iarratas athbhreithnithe a rinneadh i ndáil le faisnéis phearsanta atá ag an leibhéal is ísle ó 1998. Cé gur tháinig méadú suntasach ar an líon d'iarratais phearsanta a rinneadh chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le linn 2005, chiallaigh an fhíric go raibh an spriocdáta chun iarratas a chur isteach ag an mBord um Shásamh Institiúidí Cónaithe éagtha le linn na blianta, ar neamhchosúil le blianta eile, nach ndearna mórán iarrthóirí cinneadh na Roinne a achomharc chuig m'Oifig. Táim sásta a rá gur léiriú maith é an ráta íseal d'achomhairc ar an mbealach a láimhseálann an Roinn an sórt seo d'iarratais. Tá an chosúlacht ann fosta, áfach, gur tharla cuid den laghdú de bharr mearbhaill i measc na n-iarrthóirí faoi an raibh táille iarratais iníoctha le m'Oifig maidir le hathbhreithniú ar chinneadh a bhaineann le faisnéis phearsanta.

Ba í an chuid de chásanna a cuireadh chuig m'Oifig d'achomharc, agus a glacadh d'athbhreithniú, mar chéatadán den líon iomlán d'iarratais faighte ag comhlachtaí poiblí ná 2% i gcomparáid le 2.5% i 2004 agus 6% i 2003. Tá miondealú ar na comhlachtaí poiblí lena mbaineann agus ábhar na n-iarratas athbhreithnithe glactha déanta i gCaibidil 5 (Táblaí 15 agus 17). Tá sé suntasach gur tháinig méadú seasta ar líon na n-agóidí ó thríú páirtithe i ndáil le scaoileadh faisnéise ó 3% i 2003, go dtí 8.7% i 2004 agus go 13.7% i 2005. Cúis mhór leis an méadú seo ná na cinntí a ghlac comhlachtaí poiblí, do leas an phobail, taifid cigireachta i ndáil le tithe altranais agus seirbhísí cúraim leanaí a fhoilsiú. I gCaibidil 3, déanaim tuilleadh tráchta ar na fadhbanna atá ag teacht chun cinn maidir le halt 29 den Acht SF a bhaineann le heisiúint chomhchomhairlí tríú páirtithe ag comhlachtaí poiblí.

TÁILLÍ FAIGHTE

Tháinig an cánachas de tháille d'iarratais áirithe d'athbhreithniú chuig m'Oifig i bhfeidhm ar an 7 Iúil 2003. Nuair a lorgaítear faisnéis neamhphearsanta, is í an táille atá iníoctha le m'Oifig ná €150 cé go ndéantar seo a laghdú go €50 más sealbhóir cárta leighis an t-iarrthóir nó má thagann an t-achomharc ó chinneadh déanta ag comhlacht poiblí inar cuireadh forálacha alt 29 i bhfeidhm.

Le linn 2005 fuair m'Oifig 148 achomharc lenar íocadh táille. Ba é méid iomlán na dtáillí a fuarthas i m'Oifig i 2005 ná €14,350. As seo, thug m'Oifig €1,900 ar ais mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Tugadh €1,050 ar ais i ndáil le hiarratais a aistarraingíodh nó a diúltaíodh mar neamhbhailí,
- Tugadh €200 ar ais i ndáil le cásanna ina raibh an t-iarratas le haghaidh fhaisnéis phearsanta do mhionaosach nó duine éagtha[alt 28(6)],
- Tugadh €150 ar ais i gcásanna nuair nár eisigh an comhlacht poiblí cinneadh laistigh den am ceadaithe, agus
- Tugadh €500 ar ais i ndáil le ró-íocaíochtaí.

Le linn na bliana ní raibh a fhios ag a lán iarrthóirí go raibh táille iníoctha maidir le hiarratas a bhain le hiarratas ar rochtain d'fhaisnéis neamhphearsanta. I 114 cás scríobh m'Oifig chuig an iarrthóir le cur in iúl dó/di go raibh táille infheidhmithe. I 25 cás d'aistarraing an t-iarrthóir gné neamhphearsanta an iarratais agus léirigh sé/sí go raibh sé/sí ag lorg rochtana ar thaifead/ar thaifid "nach raibh ann/iontu ach faisnéis a bhain" leo féin. Mar sin, sna cásanna seo glacadh an t-iarratas d'athbhreithniú gan íocaíocht.

ATHBHREITHNITHE AR CHINNTÍ

Le linn na bliana, d'athbhreithnigh mé 447 cinneadh comhlachtaí poiblí. I dtéarmaí athbhreithnithe a phróiseáil m'Oifig, léirigh sé seo laghdú de thart ar 29% i gcomparáid leis an gcásráta críochnaithe do 2004. Tharla an laghdú seo de bharr roinnt cúiseanna ach is de bharr laghdaithe shuntasaigh i líon na n-athbhreithnithe ó iar-chónaitheoirí i scoileanna tionsclaíocha. Bhí lán de na cásanna seo, a rinneadh a réiteach go hiomlán beagnach i 2003 agus 2004, an-chosúil lena chéile agus laghdaigh seo an méid ama a bhí de dhíth chun déileáil le cásanna aonair mar seo.

Ag tús na bliana bhí iomlán de 501 athbhreithniú idir lámha ag m'Oifig agus glacadh le 285 athbhreithniú eile le linn 2005. Cuireadh iomlán de 447 athbhreithniú i gcríoch le linn 2005 rud a d'fhág 339 athbhreithniú ag deireadh na bliana. Táim an-sásta ar fad leis an laghdú i riaráiste na gcásanna idir lámha atá i bhfad níos ísle ná an figiúr de 796 ag deireadh 2003. Ábhar imní a bhí anseo agus tá sé ar intinn agam tuilleadh laghdaithe a dhéanamh ar an riaráiste in 2006.

AM A CHAITEAR LE hATHBHREITHNITHE A CRÍOCHNÚ

Chuir m'Oifig 447 athbhreithniú i gcríoch i 2005 agus déantar miondealú orthu sa tábla thíos de réir na bliana ina bhfuair m'Oifig an cás.

Soláthraíonn an tAcht SF gur cheart go gcuirfí athbhreithnithe m'Oifig i gcríoch chomh luath agus is féidir agus ,sa mhéid ina bhfuil sé praiticiúil, nach déanaí ná ceithhre mhí i ndiaidh an t-iarratas a fháil. Fuarthas agus glacadh le hiomlán de 272 athbhreithniú i 2005, 131 acu seo curtha i gcríoch le linn na bliana. Cuireadh ochtó a naoi nó 68% de na hathbhreithnithe seo i gcríoch laistigh den teorainn ama ar soláthraíodh dó san Acht. Léiríonn sé seo méadú de ocht bpoinnte den chéatadán i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2004 agus méadú de naoi bpoinnte den chéatadán i gcompáraid le 2003. Tá áthas orm go bhfuil feabhas leanúnach sa réimse seo agus is maith a thuigim an tábhacht a bhaineann le ráta druidime a bhaint amach laistigh de cheithre mhí ó thaobh iarrthóirí, comhlachtaí poiblí agus m'Oifig. Cé go bhfuil sé aiféalach nach mbaintear amach an spriocdháta sna cásanna atá fágtha, táim sásta go mbíonn ceisteanna casta agus/nó líon mór de thaifid bainteach go minic leis na hathbhreithnithe seo agus glacann sé i bhfad níos mó ama chun déileáil leo ná an teo rainn ama de cheithre mhí a mholann an tOireachtas.

TORADH NA nATHBHREITHNITHE

Ní raibh eisiúint de chinntí foirmiúla mar thoradh ar gach athbhreithniú a

Athbhreithnithe

Bliain	2000	2001	2002	2003	2004	2005	Iomlán
Iomlán Uimhir	4	81	76	62	93	131	**447**

cuireadh i gcríoch: rinneadh roinnt acu a dhíscor, roinnt eile acu a aistarraingt agus socraíodh cuid eile acu.

Cinntí Foirmiúla

Le linn 2005, d'eisigh mé 272 cinneadh foirmiúil a dhéanann suas 61% de dhruidim cásanna le linn na bliana. I 204 (75%) de na cásanna seo, dhearbhaigh mé cinneadh an chomhlachta phoiblí agus d'athraigh mé 50 (18.4%) acu agus rinneadh mé an 18 (6.6%) a bhí fágtha a thiontú. Tá seo i gcomparáid le 87% de na cinntí a dearbhaíodh i 2004 agus 78% i 2003. Tá laghdú tarlaithe sa bhliain 2005 i gcás ráta na gcinntí dearbhaithe, laghdú de dhá phoinnte déag den chéatadán i gcomparáid le 2004. Is féidir an laghdú seo a mhíniú ar an mbonn gur bhliain eisceachtúil a bhí i 2004 ina raibh leibhéal ard d'athbhreithnithe idir lámha (mar atá luaite) a thainig ach go háirithe ó iarchónaitheoirí scoileanna tionsclaíocha. Mar thoradh na gcásanna seo de ghnáth dhéantaí cinneadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a dhearbhú mar nach rabhthas ábalta teacht ar na taifid a bhí á lorg, a bheadh dátaithe siar go dtí na 1950idí go minic d'ainneoin cuardach fairsing a dhéanamh.

As an 68 cás i 2005 ina rinneadh cinneadh an chomhlachta phoiblí a athrú nó a thiontú, rinneadh níos mó taifid a scaoileadh i mbeagnach gach cás, i ndiaidh an chinnidh úir.

Socruithe

Soláthraíonn an tAcht SF go bhféadfainn socrú a dhéanamh idir na páirtithe i ndáil leis na taifid le foilsiú ag céim ar bith le linn athbhreithnithe. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go gcomhaontódh iarrthóirí fócas an athbhreithnithe a chúngú trí aontú a dhéanamh taifid nach bhfuil mórán luacha nó luach ar bith acu i ndáil leis an bhfaisnéis atá siad ag lorg. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go gcomhaontófaí taifid bhreise lasmuigh de scóip an bhuniarratais a fhoilsiú gan gá domsa teacht ar chinneadh foirmiúil sa chás. Mar i gcónaí, spreagfainn comhlachtaí poiblí, agus iad ag déileáil le hiarratais, a bheith bainteach go díreach leis na hiarrthóirí de gheall ar shocruithe a bhaint amach sna cásanna nach bhfuil mórán cósúlachta go ndéanfaí an t-iarratas a cheadú go hiomlán.

Le linn 2005, rinneadh 44 cás a shocrú. Léiríonn seo beagnach 10% de gach athbhreithniú a cuireadh i gcríoch le linn na bliana i gcomparáid le 5% amháin i 2004, 21% i 2003 agus 25% i 2002. Chuir mé fáilte roimh an bhfíric gur tháinig méadú ar an ráta socraithe arís mar go ndearbhaíonn sé an tuairim a léirigh mé i dTuarascáil Bhliantúil na bliana anuraidh go raibh an titim mhór i 2004 suntasacha mar thoradh, i bpáirt, ar líon ard na gcásanna instidiúideacha ar déileáladh leo nach mbeadh réasúnta do shocrú.

Aistarraingthe/Díscoirthe

I 2005, d'aistarraing na hiarrthóirí 28% de na cásanna. Tá seo an-chosúil le blianta roimhe: 28% i 2004 agus 30% i 2003. Sa chuid is mó de na cásanna ina ndéantar an t-iarratas a aistarraingt, tagann sé seo i ndiaidh mionphlé idir an t-iarrthóir agus baill de mo fhoireann. Rinneadh cásanna a díscoireadh le linn 2005 suas 1.3% de na hathbhreithnithe a cuireadh i gcríoch i gcomparáid le 2% i 2002 agus 4.7% i 2003.

FIOSRUITHE GINEARÁLTA AR DHÉAILEÁIL M'OIFIG LEO

Bhí 30 duine a tháinig isteach san oifig go pearsanta, 241 fiosrú scríofa agus 1,125 fiosrú tríd an nguthán chuig an Oifig le linn 2005, agus déaileáladh leo seo go léir faoin gcatagóir d'fhiosrú ginearálta. Ní bhaineann siad seo le hathbreithniú faoi leith ar bith agus de ghnáth bíonn siad bainteach le iarratais d'fhaisnéis faoi m'Oifig nó faoi fheidhmiú an Achta chomh maith le ceisteanna lasmuigh de mo théarmaí tagartha mar Choimisinéir Faisnéise.

FÓGRAÍ REACHTÚLA

Comhoibríonn formhór na gcomhlachtaí poiblí go hiomlán le m'Oifig maidir le soláthar na dtaifead agus na ráitis réasúnacha. Tá mé an-bhuíoch as an leibhéal ard seo de chomhoibriú. Tá forálacha faoi leith san Acht SF maidir le taifid agus faisnéis a thabhairt don Choimisinéir Faisnéise. I measc rudaí eile, ligean alt 37 den Acht dom táirgeadh faisnéise agus/nó taifead a iarraidh agus ceadaíonn sé dom dul isteach in áitreabh ina bhfuil comhlacht poiblí áitithe. A dhála sin, ceadaíonn alt 35 den Acht dom ráiteas cuimsitheach réasúnach a fháil do chinntí a ghlac comhlachtaí poiblí faoin Acht.

Tá mé an-sásta tuairisc a thabhairt nach raibh gá dom fógraí ar bith a eisiúint faoi cheann ar bith de na forálacha seo i 2005 agus seo léiriú maith go ginearálta de na leibhéil arda de chomhoibriú a fhaigheann m'Oifig ó chomhlachtaí poiblí agus den chaidreamh maith oibre atá forbartha againn leo. De réir an tábla thíos, seo an chéad am inar tharla sé seo ó rinne mo réamhtheachtaí sonraí den sórt seo fógraí a fhoilsiú ar dtús ina Thuarascáil Bhliantúil do 2002.

Bliain	Fógraí Alt 37 Eisithe	Fógraí Alt 35 Eisithe
2005	0	0
2004	6	1
2003	4	2
2002	12	3

TEASTAIS EISITHE FAOI ACHT SF

I ndiaidh leasaithe ar an Acht SF i 2003, tá an fhéidearthacht ann do chomhlachtaí poiblí áirithe teastais a eisiúint anois faoi thrí alt dhifriúla san Acht. Go ginearálta, cuireann eisiúint den sórt seo teastas i ndáil le taifead comhlachtaí poiblí ar a gcumas rochtain ar an taifead sin a dhiúltú i ndiaidh iarratais SF.

Soláthraíonn forálacha d'ailt 19, 20 agus 25 den Acht, go gcuirfear tuairisc a shonraíonn an líon den sórt sin taifead eisithe, más ann dóibh, ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

Alt 19

Is díolúine shainordaithe é alt 19 a sholáthraíonn cosaint do thaifid a bhaineann leis an Rialtas nó an gcomh-aireacht. I ndiaidh leasaithe ar an Acht i 2003, cuimsíonn sainmhíniú an Rialtais, i gcúinsí áirithe, coiste d'oifigigh deimhnithe ag an Ard-Rúnaí don Rialtas. Soláthraíonn alt 19(4) den Acht go dtabharfaidh Ard-Rúnaí an Rialtais tuairisc don Choimisinéir i scríbhinn a shonraíonn líon na dteastas arna n-eisiúint aige/aici. Chuir Ard-Rúnaí an Rialtais in iúl dom nár eisigh seisean teastais ar bith den sórt seo i 2005.

Alt 20

Díolúine lánroghnach atá in alt 20 den Acht a dtig brath uirthi chun taifid áirithe a bhaineann le próisis bhreithniúcháin de chomhlacht poiblí a chosaint. Cuireann alt 20 ar chumas Ard-Rúnaí de Roinn Stáit ar a chumas teastas a eisiúint i scríbhinn a mhaíonn go bhfuil "ábhar a bhaineann le próisis bhreithniúcháin de Roinn Stáit" i dtaifead áirithe. Nuair a dhéantar a leithéid de theastas a eisiúint, ní thig an taifead sonraithe a fhoilsiú faoin Acht SF. I ndáiríre, éiríonn an díolúine sainordaithe. I ndiaidh comhchomhairlí le gach Ard-Rúnaí, tá sé curtha in iúl dom nár eisíodh teastais ar bith faoi alt 20 le linn 2005.

Alt 25

Nuair a bhíonn Aire de chuid an Rialtais sásta go bhfuil taifead díolmhaithe de bhua alt 23 (a bhaineann le forfheidhmiú dlí nó sábháilteacht an phobail) nó alt 24 (a bhaineann le slándáil, cosaint nó caidrimh idirnáisiúnta) agus, nuair a bhíonn an tAire sásta go bhfuil an taifead íogair nó tromchúiseach go leor go mbeadh sé ceart, féadfaidh siad, faoi alt 25(1), a dheimhniú go bhfuil a leithéid de thaifead díolmhaithe ó fheidhmiú an Achta SF. Ní mór d'Aire ar bith a eisíonn a leithéid de theastas tuarascáil bhliantúil a thabhairt dom a shonraíonn an líon de theastais a d'eisigh sé mó sí i rith na bliana agus na forálacha d'alt 23 nó 24 den Acht a bhain leis an taifead/na taifid díolmhaithe. Ansin, tá mise faoi chomaoin alt 40(1)(b) den Acht cóip tuarascála ar bith den sórt seo a chur le mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain ina rinneadh an teastas/na teastais a eisiúint.

Cé nár eisigh Aire ar bith teastais úra i 2005, cuireadh in iúl dom gur athnuaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí teastas amháin ar 5 Lúnasa 2005 ar feadh dhá bhliain eile. Ceanglaím cóip den fhógra in Aguisín I leis an Tuarascáil seo.

Lena chois sin, cuireadh in iúl dom fosta, de bhua alt 25(7) den Acht, ar 20 Meán Fómhair 2005, go ndearna an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Airgeadais athbhreithniú ar thrí theastas a bhí i bhfeidhm don bhliain dar críoch Aibreán 2005 agus chinn mé nach raibh gá a gcúlghairm a iarraidh. Ceanglaím cóip den fhógra in Aguisín II leis an Tuarascáil seo.

ACHOMHAIRC CHUIG AN ARD-CHÚIRT AGUS AN gCÚIRT UACHTARACH

Tig le páirtí d'athbhreithniú, nó duine ar bith eile ar a dtéann mo chinneadh i bhfeidhm air/uirthi, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí. I ndiaidh leasaithe ar an Acht SF i 2003 níl cinneadh na hArd-Chúirte ar an gcinneadh deiridh níos mó agus tig é a achomharc chuig an gCúirt Uachtarach.

Le linn 2005, d'eisigh an Ard-Chúirt breithiúnais in dhá chás agus rinneadh trí achomharc a scriosadh amach trí thoiliú. D'eisigh an Chúirt Uachtarach breithiúnas i 2005 in achomharc a d'éist sí níos luaithe sa bhliain.

Ag an am ar scríobhadh na Tuarascála seo (Feabhra 2006), bhí rialú Ard-Chúirte amháin a d'éisteadh chomh fada siar le 2003 fós ar feitheamh.

Déanaim trácht ar na breithiúnais a d'eisigh an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach le linn 2005 i gCaibidil 3.

COMHLACHTAÍ ÚRA FAOI THÉARMAÍ TAGARTHA AN ACHTA SF

I mí Dheireadh Fómhair 2005 d'fhógair an tAire Airgeadais go raibh 109 comhlacht poiblí sa bhreis le bheith faoi réir an Achta SF. Le cuimsiú na gcomhlachtaí seo, beith rochtain ag an bpobal ar thaifid ó bheagnach 500 comhlacht poiblí. Cé gur sainchomhlachtaí formhór na gcomhlachtaí seo nach mbíonn an pobal idirghníomhach leo ar bhonn rialta, cuimsíonn an liosta líon de chomhlachtaí rialaithe a mbeadh an-suim ag an bpobal iontu, mar shampla, an Chomhairle Leighis agus an Bord Altranais.

Cé gur léir go gcuirim fáilte roimh fhorleathnú an Achta go dtí na comhlachtaí seo, tá díomá orm go bhfuil roinnt de na comhlachtaí atá suntasach go maith fós lasmuigh de scóip an Achta. Lena chois sin, táim buartha go mb'fhéidir go bhfuil an forleathnú seo ar SF go comhlachtaí breise ceaptha mar an "babhta deireanach" i dtéarma an tsóirt seo forleathnaithe.

I réimse na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, níor moladh na comhlachtaí seo a leanas a chuimsiú: An Garda Síochána, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe, Oifig an Bhinse Achomharc Dhídeanaithe agus An Bord Comhairle um Cheapacháin Bhreithiúnacha.

I réimse na Roinne Airgeadais, i measc na gcomhlachtaí nach bhfuil cuimsithe tá: an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Údarás Rialaithe Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta um Státchiste Náisiúnta, an Coimisiún um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Gníomhaireacht Éileamh an Stáit.

I réimse na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, i measc na gcomhlachtaí nach bhfuil cuimsithe tá: an 33 Coiste Gairmoideachais, an Coimisiún um Scrúduithe Stáit, an Bord um Shásamh Insitiúidí Cónaithe agus an Lár-Oifig Iontrála (CAO).

Samplaí de na comhlachtaí eile a leanfaidh de bheith lasmuigh de scóip an Achta ná: an Bord Uchtála, Crois Dhearg na hÉireann, An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus Dlí-Chumann na hÉireann (a d'fhéadfaí a chuimsiú sa mhéid is go bhfeidhmíonn sé feidhmeanna reachtúla faoin Acht Aturnaetha).

Mholfainn gur cheart gach comhlacht úr cruthaithe faoi reacht, nó gach comhlacht a thiomnaítear feidhmeanna suntasacha poiblí leis, a chuir faoi bhráid an Achta FS sa todhchaí ina reacht bunaithe féin nó trí rialú ón Aire Airgeadais, déanta le comhtharlú le bunadh an chomhlachta sin. Ar an mbonn seo, mar shampla, nuair a chuirtear Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar bhonn reachtúil, bheadh siad curtha faoi bhráid an Achta FS ag an gcéim sin.

ATHBHREITHNIÚ AR FHORÁLACHA NEAMHNOCHTA

Soláthraíonn alt 32 den Acht SF do dhiúltú rochtana ar thaifid áirithe a bhfuil toirmeasc ar a nochtadh, nó neamhnochtadh údaraithe, ag achtacháin eile. Is foráil an-tábhachtach í seo mar, go bunúsach, fo-ordaíonn sí forálacha rochtana an Achta FS go forálacha neamhnochta sa reacht seachas na cinn atá sa Tríú Sceideal den Acht FS. Áirítear ar alt 32 nós imeachta ar a ndéantar a fheidhmiú a athbhreithniú ag idirthréimhsí de chúig bliana. Déantar foráil d'údarú Chomhchoiste Thithe an Oireachtais chun athbhreithnithe a dhéanamh agus chun tuairisc a dhéanamh ar fheidhmiú na n-achtachán neamhnochta i gcomhthéacs an SF, le dhá Theach an Oireachtais. Rinneadh an Comhchoiste ar Airgeadais agus an tSeirbhís Phoiblí (an Comhchoiste) a údarú mar seo, agus dá réir sin, tá sé sainordaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na n-achtachán a údaraíonn, nó a bhfuil gá acu le, neamhnochtadh taifid a bhféadfadh a bheith mar ábhar iarratais d'Acht FS.

Chun críche próiseas athbhreithnithe an Chomhchoiste a chur ar an eolas, soláthraíonn alt 32 chomh maith go gcaithfidh gach Aire Rialtais tuarascáil a sholáthar dó i ndáil leis na hachtacháin i réimse rialachais an Aire ina bhfuil forálacha neamhnochta. Ní mór d'Airí a shonrú, ina dtuairim féin, ar chóir na forálacha a leasú, a aisghairm nó cead a thabhairt dóibh leanúint de bheith i bhfeidhm. Ní mór dóibh trácht a dhéanamh chomh maith, i ndáil le gach foráil, ar ar cheart go gcuimseofaí sa Tríú Sceideal iad. Ba cheart go gcuirfeadh gach Aire cóip den tuarascáil sin roimh gach Teach den Oireachtas agus ní mór dóibh cóip a chur ar fáil domsa chomh maith, mar Choimisinéir Faisnéise. De réir alt 32(5) den Acht SF, chuir mé mo thuairimí agus conclúidí a bhain leis na tuarasálacha sin i láthair chuig an gComhchoiste i mí na Nollag 2005.

I mí Eanáir 2006 chinn mé go bhfoilseoinn mo thuarascáil d'fhonn mearbhall faoina hábhar a sheachaint mar gur tháinig sé isteach i saol an phobail ar bhonn neamhoifigiúil agus bhí sí mar ábhar suime ag na meáin agus mar ábhar suime polaitiúla. Bhí cuid den tuairisciú a rinneadh ar an ábhar ábhairín suaite.

Ag an am ar scríobhadh an tuarascáil seo, tuigim go bhfuil sé de rún ag an gComhchoiste déileáil leis an ábhar seo sna míonna atá le teacht.

SCOILEANNA TIONSCALAÍOCHA AGUS CEARTÚCHÁIN AGUS PÁISTÍ FAOI CHÚRAM AN STÁIT

Rinne Tuarascálacha Bliantiúla roimhe seo tuairisc ar dhul chun cinn an Roinne Sláinte agus Leanaí lena Thionscadal Rochtana ar Thaifid Institiúideacha agus Ghaolmhara (TRTIG), tionscadal ar cuireadh tús leis i mí Iúil 2002. Ag an am sin, bhí líon mór comhad a bhain le beartas cúraim leanaí agus comhad a bhain le soláthar seirbhíse aitheanta ag an Roinn a bhí ina cartlanna a d'áirigh, nó b'fhéidir a d'áirigh taifid a luann dao-

ine ar leith a bhí faoi chúram an Stáit. Bunaíodh an tionscadal TRTIG chun ainmneacha na ndaoine sin a logáil ar innéacs, agus mar sin aisghabháil na dtaifead lena mbaineann a éascú.

Ag an gcéim seo, deir an Roinn go raibh formhór na gcomhad ina bhfuarthas an t-ábhar ábhartha innéacsaithe. Deir an Roinn chomh maith gur sainaithníodh líon eile de chomhaid ábhartha eile de réir mar a chuaigh an tionscadal chun cinn. Mar gur chuir (sé) seo méadú ar an líon de chomhaid a bhí le hinnéacsú, chinn an Roinn an tionscadal seo a fhorleathnú ar feadh tréimhse gairide chun a chinntiú go mbeidh an t-innéacs chomh críochnaithe agus chomh cuimsitheach agus is féidir.

Thug m'Oifig laghdú soiléir faoi deara i ndáil le hiarratais d'athbhreithniú cinntí déanta ag an Roinn ar iarratais i ndáil le rochtain ar thaifid institiúideacha, gan ach sé cinn faighte i 2005. Ag an am ar scríobhadh an tuarascáil seo ní raibh aon iarratais faighte i 2006.

ATHBHREITHNIÚ AR AN LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Le linn 2005, i ndiaidh moltaí a fháil ó ghrúpa oibre inmheánaí, thug m'Oifig faoi athchóiriú iomlán ar ár láithreán gréasáin. Lorg Tionscadal Athfhorbartha ar an Láithreán Gréasáin feabhas a chur ar inúsáideacht agus infhaighteacht do gach úsáideoir lena n-áirítear daoine faoi mhíchumais. Chuimsigh sé seo feabhas ar ailtireacht faisnéise agus áiseanna cuardaigh an láithreáin. Cheap mé go raibh sé tábhacht chomh maith go dtairisceodh m'Oifig seirbhísí ar líne don phobal agus i gcomhthéacs Acht an dTeangacha Oifigiúla 2003, agus i gcúinsí gur foilsíodh scéim m'Oifige faoin Acht sin i 2005, bhí gá le faisnéis níos iomláine a sholáthar i nGaeilge.

I ndiaidh iarratais do thairiscintí d'athfhorbairt agus d'athdhearadh an láithreáin tugadh an conradh do TERMINALFOUR, cuideachta forbartha bogearraí Éireannaí, i mí na Bealtaine 2005. Rinneadh an láithreán a sheachaid laistigh den bhuiséad agus in am, ag dul "beo" ar 2 Nollaig 2005. Is féidir gnó a dhéanamh anois le m'Oifig díreach ar an nGréasán, trí iarratais ar líne d'athbhreithniú agus íocaíochtaí a dhéanamh ar líne nuair a bhíonn táillí inghearrtha. Rinneadh an fhaisnéis ar an láithreán a athoiriúnú do pheirspictíocht an phobail i gcoitinne agus rinneadh faisnéis neamhchasta an láithreáin a athscríobh go hiomlán de réir treoirlínte an Gháth-Bhéarla. Tá sé níos fusa anois teacht ar fhaisnéis níos teicniúla do shainúsáideoirí, mar shampla cinntí m'Oifige agus breithiúnais na gcúirteanna uachtaracha a chuardach, agus rinneadh mír úr dírithe ar mhic léinn a fhorbairt chomh maith.

Tugann an láithreán gréasáin athdheartha rochtain feabhsaithe do gach úsáideoir, le cois nascleanúna níos iomasaí, agus rinneadh é a fhorbairt go dtí an caighdeán inrochtaineachta is airde. I mí na Nollag 2005, mar thoradh ar phróiseas tairisceana teoranta tugadh conradh do XML Workshop chun iniúchadh ar inrochtaineacht agus tástáil ar inúsáideacht an láithreán a dhéanamh go luath i 2006. Cuirfear moltaí ar bith i ndáil le feabhas a thagann as an tionscadal seo i bhfeidhm.

Bhí áthas orm nuair, i ndiaidh sheoladh an láithreáin ghréasáin úir, gur ainmníodh é do chatagóir "An Comhlacht Stáit is Fearr" i nGradam r-Rialtas na hÉireann 2006. Tá mé ag dúil go ndéanfaidh an láithreán gréasáin úir teagmháil le m'oifig níos fusa don uile dhuine agus go gcuideoidh sé i ndáil le feasacht a spreagadh ar cheisteanna SF go ginearálta.

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003

Le linn 2005, d'ullmhaigh Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Ombudsman Scéim faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Leagann an scéim reachtúil seo na seirbhísí a sholáthraíonn m'Oifig amach trí mheán na Gaeilge, Gaeilge agus Béarla agus Béarla amháin in éineacht le bearta a glacadh chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí áirithe nach bhfuil ar fáil anois ar fáil go dátheangach laistigh d'fhráma ama comhaontaithe. Feicim ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla mar phríomhpháirt den tiomantas do sheirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí. Tá an Scéim 2005-2008, a d'fhaomh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus a foilsíodh i mí Lúil 2005, ar fáil ar láithreán gréasáin m'Oifig agus i bhfoirm leabhráin.

AN FHOIREANN

Le linn 2005 agus go luath i 2006 tharla roinnt athruithe as feidhmiúchán pholasaí ar ghluaiseacht foirne. Mar thoradh ar seo, chaill an Oifig seirbhísí Liam Kelly, Stephen Rafferty, Aimée Tallon, Evelyn Hernon agus Stephanie O'Connell a d'fhág le dul i mbun dúshlán úr in Oifig an Ombudsman. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine acu as ucht an mhéid a chur siad leis an Oifig seo agus ba mhaith liom fáilte a chur roimh Seán Garvey a thosaigh linn le gairid mar Imscrúdaitheoir Sinsearach.

03

Saincheisteanna a Tháinig Chun Solais

Cé go mbeidh sé soiléir ón méid atá le rá agam thíos go bhfuilim i bhfabhar foilsithe den sórt seo faisnéise, aithním chomh maith go bhfuil cuid de na buarthaí atá ag na daoine i gcoinne foilsithe bailí.

RÉAMHRÁ

Le linn na bliana seo caite tháinig a lán ceisteanna tábhachtacha chun cinn maidir le feidhmiú an Achta SF. Is é cuspóir na Caibidle seo ná cuid de na ceisteanna sin a thabhairt chun suntais, go háirithe na cinn a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar éifeachtacht feidhmithe an Achta agus chun dul i ngleic leo i mbealach inchiallaithe agus réasúnta. Is iad seo a leanas na ceisteanna a pléitear sa Chaibidil seo:

- Tuarascálacha Cigireachta ar Scoileanna
- Tuarascálacha Cigireachta ar Thithe Altranais
- Rochtain ar Thaifid Daoine Éagtha
- Bainistíocht Taifead
- Iompar Amhrasach de Chomhlacht Poiblí agus Tríú Páirtí
- Alt 29
- Breithiúnais na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí

TUARASCÁLACHA CIGIREACHTA AR SCOILEANNA

Tá sé le feiceáil go bhfuil an cheist i ndáil le rochtain ar thuarascálacha cigireachta ar scoileanna conspóideach. Go deimhin, is sampla maith é den chineál conspóide a bhí tuartha le tabhairt isteach an Achta SF. Ar an láimh amháin, tá éileamh againn ón bpobal (agus ó thuismitheoirí ach go háirithe) d'fhaisnéis ar ghníomhaíochtaí institiúidí cistithe go poiblí (scoileanna); ar an láimh eile, tá grúpaí leasa dílsithe againn ag argóint i gcoinne foilsithe de bharr na cúise, i measc rudaí eile, go mbeidh an fhaisnéis míthreorach, agus go ndéanfar í a mhíthuiscint agus a mhí-úsáid. Ceapann na daoine atá i bhfabhar foilsithe go bhfuil a gcéilí comhraic cromshúileach, coimirceach agus gurb í a bpríomhshuim ná a leasa rannach féin a chosaint; déanann na daoine atá i gcoinne foilsithe an argóint go dtabharfaidh foilsiú ar thorthaí scrúdaithe scoile, go háirithe, léargas neamhchríochnaithe agus neamhchothrom ar scoileanna agus go gcuirfidh sé leis an róbhéim mhíshláintiúil ar 'rás na bpointí' atá ann cheana féin. Cé go mbeidh sé soiléir ón méid atá le rá agam thíos go bhfuilim i bhfabhar foilsithe den sórt seo faisnéise, aithním chomh maith go bhfuil cuid de na buarthaí atá ag na daoine i gcoinne foilsithe bailí. Is é an cás go bhféadfaí torthaí scrúdaithe scoileanna áirithe – nó, maidir leis sin, rátaí ionfhabhtaithe MRSA ospidéal áirithe- a mhíthuiscint nó a mhí-úsáid nó go bhféadfaí comparáidí neamhchothroma a dhéanamh idir scoileanna, nó idir ospidéil a bhaint astu. Aithním chomh maith go bhfuil ceisteanna príobháideachta ann maidir le múinteoirí aonair a bhfuil gá dul i ngleic leo. Táim cinnte dearfa de, áfach, cibé na fadhbanna a thagadh chun cinn i gcásanna áirithe, nach bhféadfaidh scaoileadh faisnéise den sórt sin ach a bheith dearfach i dtéarmaí foriomlána.

I mo Thuarascáil Bhliantúil do 2004 luaigh mé an cheist seo agus cinneadh mo réamhtheachtaí a bhí, ag an am ar scríobh mé an Tuarascáil sin, faoi achomharc chuig an gCúirt Uachtarach. Chinn mo réamhtheachta, i gcás iarratas rochtana ar thuarascálacha cigireachta bunscoileanna áirithe, gur cheart rochtain a cheadú. Ullmhaíodh na tuarascálacha i gceist de réir Chiorclán 12/83 agus bhaineadar le *" ... measúnú ar eagraíocht agus obair na scoile trí chéile"*; bhíodar *"...bunaithe ar eolas na gCigirí tar éis dóibh cúirteanna a thabhairt ar na scoileanna ó am go chéile..."*. I measc na gceisteanna cuimsithe sna tuarascálacha bhí: ábhar fíorasach cúlra faoi stair nó suíomh na scoile; cóiríocht, Príomhoide agus foireann; eagraíocht, ullmhú agus pleanáil; na hábhair a bhí á dteagasc; gníomhaíochtaí aeistéitiúla agus

cruthaitheacha; daltaí le riachtanais speisialta; corpoideachas; iarchruinniú cigireachta agus torthaí. Rinne Príomhoide de cheann de na scoileanna i gceist an cinneadh seo a achomharc chuig an Ard-Chúirt a rialaigh, i mí na Bealtaine 2004, i bhfách le m'Oifig. I mbreithiúnas formhóir (dó ar aon) a tugadh ar 30 Bealtaine 2005, áfach, thiontaigh an Chúirt Uachtarach cinneadh m'Oifige agus rialaíodh nár cheart an tuarascáil cigireachta a bhí i gceist a fhoilsiú faoin Acht SF.

I ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí, d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, Uas., T.D, láithreach a rún go bhfoilseofaí a leithéid de thuarascálacha cigireachta ar scoileanna. Go déanaí i mí Eanáir 2006, d'fhógair an tAire go ndéanfaí gach tuarascáil cigireachta scoile tiomsaithe ar nó i ndiaidh an 6 Feabhra 2006 a fhoilsiú mar ghnás. Cuimseoidh na tuarascálacha seo bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon. Gné thábhachtach amháin de chinneadh an Aire i ndáil leis na tuarascálacha le foilsiú ná "nach mbeidh sonraí uimhriúla iontu a bheifí ábalta á n-úsáid chun táblaí comparáideacha a dhéanamh". Cuirim fáilte roimh chinneadh an Aire agus aontaím léi maidir le foilsiú na dtuarascálacha seo go "[g]cuideoidh siad faisnéis chruinn agus chothrom ar scoileannna a chur ar fáil do thuismitheoirí, mic léinn, scoileanna agus an pobal i gcoitinne".

Sílim go mbeadh sé úsáideach ag an gcéim seo, níos mó ná cúig bliana i ndiaidh don Roinn iarratas bunaidh an SF a dhiúltú, agus bliain amháin i ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí, machnamh a dhéanamh ar fhorbairtí sa phríomhréimse seo. Tá trí cheist faoi leith ba mhaith liom a phlé: is í an chéad cheist ná trácht ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí; is í an dara ceist ná trácht ar an bhfíric go bhfuil i ndáiríre, i 2006, an pobal ag fáil an rud a diúltaíodh i 2000; agus is í an tríú ceist ná an mbeidh cinneadh an Aire in Eanáir 2006 dothanach chun dul i ngleic le riachtanais faisnéise tuismitheoirí agus an phobail i gcoitinne.

Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí

Bhí breathnú na Cúirte Uachtaraí maidir leis an gcás lárnaithe ar an gceist an raibh an cineál tuarascála i gceist (ina raibh cur síos agus measúnachtaí ginearálaithe amháin agus nach raibh torthaí ar bith de scrúdú nó de thástáil maidir le daltaí nó ranganna aonair iontu) laistigh d'imghabháil alt 53 den Acht Oideachais, 1998. Foráil atá in alt 53 a bhféadfaidh an tAire Oideachais a thoghairm (tá gach gníomh den sórt seo faoin Aire) chun "rochtain a dhiúltú ar aon fhaisnéis a d'fhágfadh go bhféadfaí faisnéis a thiomsú ... i ndáil le feidhmiú comparáideach scoileanna i leith ghnóthachtáil acadúil na mac léinn atá rollaithe iontu...". I measc na samplaí d'fhaisnéis den sórt seo, a luaitear in alt 53, tá "na torthaí foriomlána a fuair mic léinn i scoil áirithe i scrúdú in aon bhliain áirithe, nó na torthaí compaireádacha foriomlána in aon bhliain amháin i ndáil le mic léinn ó scoileanna difriúla i scrúdu ...".

Bhreathnaigh an Chúirt Uachtarach tuarascáil cigireachta do bhunscoil amháin ar thug a Príomhoide an t-achomharc chuig an gcúirt sin. Glacadh leis nár "nocht an tuarascáil marcanna nó feidmiúcháin aonair i scrúdú ar bith". Mar sin féin, chinn an Chúirt fiú amhain i gcás tráchtanna ginearálaithe ar fheidhmiúcháin "go dtaispéanfaidh siad difear ó scoil amháin go dtí ceann eile agus b'fhéidir a bheith ag feidhmiú níos fearr ná scoil eile ar fud raon ábhar nó gníomhaíochtaí". Ar an mbonn seo, chinn an Chúirt go raibh faisnéis ghinearálaithe ar chineál a shamhlófá go bhféadfaí é a thoirmeasc ó fhoilsiú le halt 53 den Acht Oideachais. Lena chois sin, agus go fíorthábhachtach, chinn an Chúirt Uachtarach go ndearna alt 53 den Acht Oideachais an tAcht SF a "bhréagnú".

Cé go bhfuil an tAire tiomanta anois d'fhoilsiú na dtuarascálacha cigireachta ar scoileanna, tá sé seo á dhéanamh go deonach seachas i bhfreagairt ar an gceart reachtúil i ndáil le faisnéis a chruthaigh an tAcht SF. De réir dealraimh, tá an tAire ag coinneáil an tseasaimh nár cheart torthaí scrúdaithe agus sonraí eile mar seo a fhoilsiú; chun seo a bhaint amach, caithfidh an tAire leanúint d'alt 53 den Acht Oideachais a thoghairm. De réir mar a thuigim breithiúnas na Cúirte Uachtaraí, mar Choimisinéir Faisnéise níl cumhachtaí ar bith agamsa rialú i gcoinne na Roinne nuair a dhiúltaíonn sí rochtain ar an sórt seo d'fhaisnéis. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil maoirseacht neamhspleách ann, seachas ar athbhreithniú breithiúnach, ar chinntí lánroghnacha Airí chun alt 53 den Acht Oideachais a thoghairm.

Tráth ar tugadh breithiúnas na Cúirte Uachtaraí, thrácht mé: "Ceapaim go bhfuil sé deacair a ghlacadh go dtabharfadh an tOireachtas go feasach, agus é ag cur oscailteachta, trédhearcachta agus freagrachta i ngnóthaí poiblí chun cinn le 15 bliana nó níos mó anuas, ceart iomlán agus coisligthe don Aire chun rochtain ar thaifid den sórt seo a dhiúltú. Tá leigheas an athbhreithnithe bhreithiúnaigh costasach agus mí-oiriúnach." Is fiú meabhrú ar thráchtanna an Breitheamh Fennelly, Uas., ar an gceist seo ina bhreithiúnas mionlach sa Chúirt Uachtarach. Bhraith sé go mbeadh cinneadh Aireachta ar bith alt 53 a thoghairm "ar a chumas athbhreithniú a dhéanamh air, más é, de bharr éigéille amháin". I gcás

ar bith, a léirigh sé., " tá sé deacair a fheiceáil cén dóigh a mbeadh an seasamh ag saoránach ar bith (nó ball ar bith de na meáin i gcumas saoránaigh) chun iarraidh ar an Aire diúltú ar rochtain a fhírinniú". Tá sé an-deacair a chreidiúint, agus tá an tuairim seo léirithe ag an mBreitheamh Fennelly, Uas. chomh maith, go raibh sé mar rún ag an Oireachtas discréid a thabhairt don Aire Oideachais agus Eolaíochta atá os cionn athbhreithnithe.

Tuarascálacha Cigireachta ar Scoileanna Foilsithe Anois

Cé go bhfáiltím roimh staid reatha an Aire – i bhfabhar foirm teoranta foilsithe de thuarascálacha cigireachta ar scoileanna- tá sé míshásúil go raibh an Roinn i gcoinne foilsithe den chineál céanna sin faisnéise atá an tAire sásta foilsiú anois leis an méid sin de bhlianta. D'eascair an cás dlí, a thainig chun deiridh le breithiúnas na Cúirte Uachtaraí i mí Bealtaine 2005, as seasamh na Roinne ina cinneadh ar iarratas SF a rinne *The Irish Times* i mí Eanáir 2000, agus as a cosaint ina dhiaidh sin le linn athbhreithnithe m'Oifige ar an gcinneadh sin.

Mar atá mínithe thuas, níor nocht tuarascálacha na mbunscoileanna i gceist torthaí tástála, measúnaithe nó scrúdaithe ar bith . Bhí sé de thuairim na Roinne, áfach, go mbeadh an cineál seo de thuarascálacha ábalta cur le "tiomsú sraith-thábla i ndáil leis na scoileanna sin". D'áitigh an Roinn go mbeadh a leithéid de thiomsú dochrach agus dúirt an Roinn go mb'fhéidir go gcaithfí scoileanna a dhruideadh dá dtagadh laghdú ar rollú mar thoradh ar dhroch-fhógraíochta a thiocfadh as.

Go suimiúil – i ndiaidh thuairim reatha an Aire go mbeadh foilsiú a leithéid de thuarascálacha ar son leasa na gcomhpháirtithe oideachais – d'áitigh an Roinn ansin na téarmaí a leanas:

> "D'fhéadfadh foilsiú na dtuarascálacha [seo]... nó tuarascálacha eile atá scríofa cheana nó le bheith scríofa sa todhchaí dochar a dhéanamh d'éifeachtacht thuairiscithe Chigireacht na Roinne sa todhchaí sa mhéid is go mbeadh amhras faoin gcleachtas tuairiscithe é féin. Dá bhfoilseofaí na tuarascálacha seo thosófaí díreach ar thiomsú sraith-tháblaí atá neamhcheadaithe go cinnte faoi théarmaí an Achta Oideachais. Mar sin bheadh foilsiú na dtuarascálacha dochrach do leas na Roinne sa mhéid go gcaithfí tuairisciú sa todhchaí a mhionathrú i mbealach nach soláthródh do thiomsú sraith-tháblaí. *Ní bheadh a leithéid de mhionathrú, ina mbeadh feidhm tuairiscithe na Cigireachta urchoillte sa mhéid nach mbeadh faisnéis sna tuarascálacha a d'fhéadfadh a bheith cainníochtaithe agus grádaithe chun críocha comparáideacha, ar son leasa an phobail. Bheadh a leithéid de chreatlach tuairiscithe i gcoimhlint leis an ualach freagrachta atá curtha ar an gCigireacht faoi alt 13 den Acht Oideachais."* (mo bhéim)

Mar a tharlaíonn, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach amhlaidh an cás é go bhfuil tiomsú de shraith-tháblaí "neamhcheadaithe go cinnte faoi théarmaí an Achta Oideachais". Cumasaíonn alt 53 den Acht (ach níl sé ceangailte leis) diúltú rochtana ar ábhar ina bhféadfaí a leithéid de "shraith-thablaí" a thiomsú.

Bhraith an Roinn chomh maith, má bhaintear amach na tagairtí uile do mhúinteoirí - ní ainmneacha amháin ach tagairt ar bith a chuideodh an duine aonair a shainaithint cosúil le tagairt do ghníomhaíocht ranga nó scoile faoi leith ar bith, ansin "le gach rud san áireamh, nuair a bhaintear amach na tagairtí uile den sórt seo as gach tuarascáil d'fhonn sainaithint a chosc, ní bheidh mórán den tuarascáil fágtha i ndiaidh an scagtha seo."

In ainneoin na n-agóidí láidre seo a rinneadh roinnt blianta ó shin, is é seasamh na Roinne anois go ndéanfaí foilsiú na dtuarascálacha sin:

- cleachtas maith a aithint agus a dheimhniú i scoileanna
- caighdeán maith a chinntiú sa chóras oideachais
- réimsí ina bhfuil forbairt de dhíth a shainaithint agus cur le fíorfheabhas i scoileanna
- féin-athbhreithniú agus forbairt a spreagadh sna scoileanna
- scaipeadh leathan de chleachtas maith i scoileanna agus i measc scoileanna a chinntiú
- faisnéis údarásach agus chothrom ar éifeachtacht scoileanna a sholáthar
- faisnéis luachmhar a chur ar fáil do thuismitheoirí, tuismitheoirí ionchasacha agus daltaí
- cuntasaíocht agus trédhearcacht níos fearr a chur chun cinn.

Creidim go bhfuil sé riachtanach a léiriú go bhfuil staid na Roinne anois ag an bpointe céanna is a bhí mo réamhtheachtaí i mí Márta 2003 nuair a dúirt sé gur cheart na tuarascálacha a fhoilsiú. Tá sé an-aiféalach go raibh athreoruithe go dtí an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach araon ar an mbealach i dtreo na staide seo, agus gur chaith an pobal beagnach €300,000 ar chostais dhleathacha.

Riachtanais Faisnéise Bainte Amach Anois?

Soláthraíonn alt 38 den Acht SF maidir leis an gCoimisinéir Faisnéise go "ndéanfaidh an Coimisinéir comhlachtaí poiblí a chothú agus a spreagadh chun faisnéis is iomchuí nó is díol suime don phobal i gcoitinne a fhoilsiú, ar faisnéis í i ndáil lena gcuid gníomhaíochtaí agus lena gcuid feidhmeanna i gcoitinne." I bhfianaise mo róilse faoi alt 38, creidim go bhfuil sé feiliúnach go mbreathnóinn ar riachtanais faisnéise an phobail i gcoitinne i ndáil le scoileanna.

Is í staid na Roinne faoi láthair ná go mbeidh faisnéis chruinn agus chothrom faoi scoileanna sna tuarascálacha atá le foilsiú ach ní bheidh faisnéis ann a chumasófaí tiomsú de "shraith-tháblaí garbha". Tá sé furasta mian an Aire a thuiscint maidir le tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne a spreagadh chun dearcadh leathan a ghlacadh maidir le cad atá ag tarlú inár scoileanna agus gan a bheith ag díriú ar thorthaí scrúdaithe agus ar phointí a baineadh amach amháin. Ar an drochuair, mar a dúirt go leor tráchtairí, cuireann ár gcóras oideachais béim mhór ar thorthaí scrúdaithe agus ar phointí, agus ní aon ionadh é go mbeidh go leor tuismitheoirí ag iarraidh fáisnéise maidir le feidhmiú acadúil scoileanna aonair.

Tá sé neamhréadúil, fad is go mbeidh iontráil go hoideachas tríú leibhéal bunaithe ar chóras pointí, a chreidiúint go mbeidh tuismitheoirí sásta le faisnéis ar scoileanna nach gcuimsíonn roinnt sonraí ar ghnóthacháin acadúla. Ceart nó contráilte, braitheann a lán tuismitheoirí gur riachtanas é an cineál seo faisnéise. De bharr easpa na faisnéise seo a chur ar fáil go hoifigiúil, tá an riachtanas seo á bhaint amach go neamhoifigiúil tríd an bpreas. Go híorónta, ba í príomhfhoinse na meán ar an bhfaisnéis seo na trí iarratais SF chuig coláistí tríú leibhéal. Dála an scéil, tógaim faoi deara nach bhfuil an Lár-Oifig Iontrála (CAO) faoi réir an SF faoi láthair agus, de réir dealraimh, nach bhfuil sé molta le bheith faoi réir an Achta SF.

Tá an chosúlacht go mbeidh a leithéid de shonraí míthreorach, neamhchríochnaithe agus tugtha do thuiscint mhícheart i bhfad níos airde, feictear domsa, nuair a dhéantar é a thiomsú ina phíosaí agus ar bhonn neamhoifigiúil. Go deimhin, is scéal ann féin iad na neamhfhreagrachtaí leis na sonraí mar atá foilsithe ag nuachtáin dhifriúla. Níl déanta aige seo ach cur leis an 'mbolscaireacht' thart ar fhoilsiú na sraith-tháblaí scoile atá deasghnáth anois. Go deimhin, de bhrí go bhfuil an fhaisnéis seo foilsithe go neamhoifigiúil, agus go bhfuil an Roinn i gcoinne í a fhoilsiú go hoifigiúil, caithfidh sé go gcuidíonn sé seo tuilleadh leis an "mbolscaireacht" seo. Mar atá i go leor cásanna, agus mar a léirigh taithí SF ar fud an domhain, de ghnáth tarraingíonn faisnéis toirmiscthe nó "rangaithe" aird atá díréireach lena fíorluach.

Tá cás an-láidir ann gur cheart go gcuimseodh tuarascálacha cigireachta ar scoileanna sonraí ábhartha ar fheidhmiú acadúil fad is go ndéantar seo i mbealach ina bhfuil meas ar chearta príobháideachta daltaí agus múinteoirí. Go deimhin, seo go díreach an staid ag a raibh mo réamhtheachtaí tagtha i nDeireadh Fómhair 1999 nuair a thug sé cinneadh ilroinnte (Cás-Uimhir. 98104, 98130 agus 99024) ar roinnt iarratas ó nuachtáin maidir le rochtain ar thorthaí na hArdteistiméireachta ar bhonn scoil go scoil. Ina chinneadh, chinn an Coimisinéir a bhí ann ag an am, "nach raibh foráil ar bith san Acht SF ina mbeadh sé ceart foilsiú na dtaifead a d'iarradh a dhiúltú". (Sa chás sin, rinneadh mionathrú ar na hiarratais lena chinntiú nach mbeadh páirt ar bith de na taifid a nochtódh faisnéis phearsanta.) Thiontaigh an Ard-Chúirt an cinneadh sin ar deireadh *(An tAire Oideachais agus Eolaíochta v An Coimisinéir Faisnéise*, an 31 Iúil 2001) agus chinn gur cheart go mbeadh alt 53 den Acht Oideachais, ar a bhrath an tAire Oideachas chun críche achomharc na hArd-Chúirte, curtha san áireamh ag an gCoimisinéir Faisnéise. Glacadh leis an gcinneadh seo in ainneoin nach raibh alt 53 fós i bhfeidhm trath a rinneadh na bun-iarratais. (Más amhlaidh, níor tháinig alt 53 i bhfeidhm go dtí 5 Feabhra 1999 ag am ina raibh athbhreithniú an Choimisinéara ar an mbealach cheana féin.) Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara gurbh é an t-aon rud a bhí ag cur baic ar fhoilsiú na faisnéise, gairmthe ag an Ard-Chúirt, ná an t-ábhar ag alt 53 den Acht Oideachais. Mar atá thuasluaite, cé acu a mbeadh alt 53 toghartha nó nach mbeadh is ceist í atá faoi rogha an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

TUARASCÁLACHA CIGIREACHTA AR THITHE ALTRANAIS

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana anuraidh mhol mé gur cheart go bhfoilseodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a tuarascálacha ar chigireachtaí ar thithe altranais phríobháideacha, mar ghnás. D'aithin mé go mbeadh suim suntasach ag an bpobal sa chineál seo d'fhaisnéis. Agus mé ag déanamh an mholta, chuimhnigh mé ar an bhforáil ag alt 38 den Acht SF go "[n]déanfaidh an Coimisinéir comhlachtaí poiblí a chothú agus a spreagadh chun faisnéis is iomchuí nó is díol suime don phobal i gcoitinne a fhoilsiú, ar faisnéis í i ndáil lena gcuid gníomhaíochtaí agus lena gcuid feidhmeanna i gcoitinne". Léirigh mé go mbeadh a leithéid de chur chuige ar aon dul leis an gcleachtas i gcás cigireachtaí ar

sheirbhísí leanaí le Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta. Mhol mé chomh maith, tráth seolta mo Thuarascála Bhliantiúla do 2004, gur cheart go nglacfadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an cur chuige céanna i ndáil le tuarascálacha cigireachta ar scoileanna.

I bhfreagairt láithreach ar mo mholadh, d'fhógair an FSS a rún (i) gach tuarascáil cigireachta ar thithe altranais curtha i gcrích a chur ar fáil mar a iarrtar, faoi réir reachtaíocht SF agus (ii) don todhchaí "i ndiaidh athbhreithnithe agus caighdeánaithe ar fhormáid na dtuarascálacha cigireachta agus comhchomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara", d'fhonn gach uile thuarascáil cigireachta sa todhchaí a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an FSS.

Ag an am chuir mé fáilte roimh an bhforbairt seo. Ghlac mé leis nach bhféadfadh gnáthfhoilsiú na dtuarascálacha cigireachta tosú láithreach mar, le cruthú an FSS agus deireadh curtha leis na boird sláinte, bheadh sé riachtanach réisím cigireachta caighdeánaí a bhunú ar fud na tíre. Bhí a fhios agam chomh maith go gcaithfeadh próiseas cigireachta, a chuimseodh foilsiú na tuarascála deiridh, a bheith bunaithe ar nósanna imeachta a bhí cothrom. Tá oibreoirí tithe altranais i dteideal deis a bheith acu toradh cáinteach a chonspóid nó earráidí fíorasacha a cheartú.

I mí Dheireadh Fómhair 2005 fuair mé amach ón FSS go raibh "próiseas náisiúnta cigireachta caighdeánaithe a bheadh curtha i bhfeidhm... ar fud na tíre faoi dheireadh Dheireadh Fómhair 2005" dréachtaithe aici. Dhéanfaí athbhreithniú ar an bpróiseas cigireachta úire – a dréachtaíodh i ndiaidh comhchomhairle mhionsonraithe le hionadaithe proifisiúnta, cliniciúla, tomhaltóirí agus tionscail - go luath i 2006. Chuir an FSS in iúl do m'Oifig i nDeireadh Fómhair 2005 cé go raibh sé "de rún aici gach tuarascáil a chur ar fáil" don phobal, go raibh sí "i gcomhchomhairle le dlínsí eile maidir le hinrochtaineacht na dtuarascálacha cigireachta don phobal".

Ag am scríofa na Tuarascála seo (Feabhra 2006), tá an cás ann fós nach bhfuil tuarascálacha cigireachta ar thithe altranais á bhfoilsiú mar ghnás. Tá rochtain ar na tuarascálacha fós ag brath ar iarratas SF rathúil a dhéanamh. Tig le bealach na SF a bheith ina phróiseas mall mar, i gcás nuair a dhéanann oibreoir theach altranais agóid (faoi alt 29 den Acht SF) i ndáil le foilsiú de thuarascáil cigireachta áirithe, tá sé dóchúil go dtiocfaidh an cheist chuig m'Oifig do bhreithniú. Tig leis an gcás a bheith níos casta fós de bharr an rún a mhaígh an tAire Sláinte agus Leanaí gur cheart don rialachán agus cigireacht ar sheirbhísí cónaithe do pháistí, daoine aosta agus daoine le míchumais a bheith faoi fhreagracht oifig reachtúil úr (Oifig Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta). Cé go mbeidh fáilte leathan roimh an bhforbairt úr seo, teastaíonn bonn reachtúil ón oifig úr, agus, glacfaidh sé seo am. Tá mé buartha, ar feitheamh achtacháin reachtaíochta agus bunú Oifig Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta, go mbeidh tuilleadh moille ar an gcinneadh tuarascálacha cigireachta ar thithe altranais a fhoilsiú. Mhaífinn don FSS, mar aitheantas ar shuim shuntasach an phobail sna tuarascálacha seo, dul ar aghaidh chomh gasta agus is féidir i ndáil le cur i bhfeidhm an tiomantais, a tugadh i Meitheamh 2005, gach uile thuarascáil cigireachta ar thithe altranais a fhoilsiú.

ROCHTAIN AR THAIFID DAOINE ÉAGTHA

Tá a fhios agam, ó theagmhálacha m'Oifig le hearnáil na n-ospidéal go háirithe, go bhfuil leibhéal suntasach míshuaimhnis agus mearbhaill i measc lucht déanta cinntí SF i ndáil le ceist na rochtana ar thaifid phearsanta daoine éagtha. De ghnáth, bíonn iarratais sa réimse seo do thaifid ospidéil, shíciatracha nó taifid leighis eile. Bíonn drogall ann go minic, ó thaobh dochtúirí agus ospidéal de, maidir le glacadh gur cheart taifid duine éagtha a eisiúint i gcúinsí ar bith. Ar an lámh eile, déanann an tAcht SF léirfhoráil (má tá sí teoranta) i ndáil le fóilsiú faisnéise pearsanta (taifid leighis san áireamh) de dhuine éagtha. Soláthraíonn Alt 28(6)(b) den Acht SF do dhéanamh rialachán i ndáil le rochtain a cheadú nuair "atá an duine aonair lena mbaineann an taifead i áirithe marbh". Tá rialacháin maidir leis seo déanta ag an Aire Airgeadais i bhfoirm Ionstraime Reachtúla Uimh. 47 de 1999 (Rialacháin 1999). Tá taifid daoine éagtha á n-eisiúint, réasúnta rialta, ar bhonn alt 28(6) de agus Rialacháin 1999.

Rinneadh cás mionsonraithe agus dea-áitithe go ndearnadh forálacha SF a bhaineann le taifid daoine éagtha a mhíthuiscint agus, mar gheall ar seo, a mhífheidhmiú. Tagraím do pháipéar a sheachaid Ms. Estelle Feldman, An Scoil Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag Ceathrú Comhdháil Bhliantúil na Saorála Faisnéise a thionóladh ag Coláiste na Tríonóide i mí Dheireadh Fómhair 2005. Ar an bpriacal a staid a mí-ionadú, creidim go dtig argóintí an Uasail Feldman a achoimriú mar seo a leanas:

1 Níl ceart príobháideachta ag daoine éagtha agus ní chruthaíonn an tAcht SF a leithéid de cheart.

2 Tá alt 28(6) den Acht SF (a chruthaíonn ceart féideartha rochtana ar thaifid daoine éagtha) ag saor-sheasamh i téarmaí forálacha

foriomlána alt 28 den Acht SF; tá sé seo de bharr go n-oscalaíonn sé leis na focail "D'ainneoin fo-alt (1)"...agus an t-aon chiall a bheadh ag seo ná nach bhfuil feidhm ag alt 28(1) taobh le halt 28(6). [Is é alt 28(1) a sholáthraíonn an fhoráil do dhíolúine d'fhaisnéis phearsanta.]

3 De réir Rialachán 1999, tá ceart neamhcháilithe rochtana ag céilí agus neasghaolta ar thaifid phearsanta duine éagtha.

4 Cé go soláthraíonn Rialacháin 1999 do lucht déanta cinntí féachaint do "treoirlínte ábhartha ar bith dréachtaithe agus foilsithe ag an Aire [Airgeadais]", ní dhearna an tAire a leithéid de threoirlínte a dhréachtú agus a fhoilsiú. (D'fhoilsigh láithreán gréasáin na Roinne Airgeadais nótaí treoraithe sa réimse seo ach cuirtear síos orthu mar "nótaí atá faofa ag Grúpa Oibre Idir-Rannach na SF – Márta 1999" seachas treoir a dhréachtaigh agus a d'fhoilsigh an tAire.)

5 Cé go bhfuil sé dóchúil go mbeadh taifid daoine éagtha inscaoilte faoi alt 28(6) agus Rialacháin 1999, d'fhéadfadh sé mar sin féin, i gcorrchás, go mbeidh siad díolmhaithe faoi chuid de na díolúintí eile san Acht SF, mar shampla, faoi alt 24 a chosnaíonn faisnéis slándála.

De réir cosúlachta, d'fhéadfadh sé a bheith réasúnta agus inghlactha ceart neamhcháilithe rochtana ar fhaisnéis phearsanta duine éagtha a cheadú do chéile nó neasghaol. I gcomhthéacs reachtaíochta SF, áfach, - agus mar a mhionshonraítear thíos – tá na hiarmhairtí a bhaineann le glacadh go bhfuil a leithéid de cheart neamhcháilithe ann an-suntasach; go deimhin, i roinnt cásanna tig argóint a dhéanamh go bhféadfadh cinntí SF bunaithe ar an gcur chuige seo a bheith neamh-bhunreachtúil.

Staid m'Oifig

Tig argóint mhaith a dhéanamh as an gcur chuige seo atá leagtha amach ag an Uasal Feldman. Glacaimse an tuairim, áfach, go mbeidh cásanna ann, agus an cur chuige sin á ghlacadh, ina n-eascródh torthaí a bheadh i gcoinne spride an Achta SF, agus níos tábhachtaí arís, i gcoinne fhorálacha an Bhunreachta. Nuair is seo an cás, ní mór go ndéanfadh lucht déanta cinntí agus m'Oifig féin machnamh cúramach d'fhonn toradh a sháródh cearta bunreachtúla a sheachaint.

Ag an am céanna, táim sásta go raibh idirghabháil an Uasail Feldman an-chuidiúil agus rinne m'Oifig athsmaoineamh ar a staid maidir le roinnt gnéithe den cheist fhoriomlán dá bharr. Go sonrach, agus má leagtar síos thíos níos mine, tá sé anois de thuairim m'Oifige go dtagann cibé cosaint a thugann an SF do thaifid daoine éagtha as laistigh den Acht SF é féin seachas as ceart ginearálta nó Bunreachtúil ar bith i ndáil le príobháideacht. Lena chois sin, níl an chosaint a thugann an tAcht SF do thaifid daoine éagtha bunaithe go riachtanach ar phríobháideacht, ach go simplí is díolúine reachtúil atá ann chun taifid den sórt seo a chosaint. Mar gur fhorbairt é seo i smaoineamh m'Oifig ar an gceist, ciallaíonn sé go gcaithfear cinntí atá eisithe cheana a léamh, chun críche fasaigh, i ndiaidh na forbartha úire seo.

Socraíonn alt 28(1), faoi réir roinnt díolúintí, go bhfuil faisnéis phearsanta díolmhaithe ó scaoileadh faoin Acht SF. Maíonn alt 28(1) go follasach go síneann an díolúine seo chun "faisnéis phearsanta a bhaineann le duine éagtha" a chuimsiú. Ag glacadh le halt 28 ag a aghaidhluach, tá trí chás ann ina bhféadfaí fo-alt (1) a chur ar leataobh agus faisnéis phearsanta duine éagtha a scaoileadh. Seo a leanas na trí chás:

1 nuair a bhíonn nochtadh "riachtanach d'fhonn dainséar tromchúiseach agus bagrach ar bheatha nó ar shláinte an duine aonair"[alt 28(2)(e)];
2 "nuair a bhíonn leas an phobail i bhfabhar an t-iarratas a cheadú níos láidre ná leas an phobail gur cheart ceart príobháideachta an duine aonair lena mbaineann an fhaisnéis, a chumhdach" [alt 28(5)(a)];
3 de réir alt 28(6) agus Rialacháin 1999.

Níl mórán gá trácht a dhéanamh ar chás 1. thuas. I gcás 2. thuas, glacaim nach bhfuil ceart ar bith ag daoine éagtha ar phríobháideacht i dtéarmaí ginearálta agus nach gcruthaíonn an tAcht SF a leithéid de cheart. Níl feidhm ag alt 28(5)(a) ach i gcás nuair a bhíonn ceart ar phríobháideacht. Dá réir sin, glacaim nach breithniú ábhartha atá ann alt 28(5)(a) maidir le breathnú an scaoilfear faisnéis phearsanta duine éagtha. Fágann seo an mír ag 3. thuas le breathnú.

<u>Alt 28(6)</u>
Léann alt 28(6):

> "D'ainneoin fho-alt (1), féadfaidh an tAire a fhoráil le rialacháin maidir le géilleadh d'iarraidh faoi alt 7 más rud é -
> (a) ....
> (b) go bhfuil an duine aonair lena mbaineann an taifead áirithe marbh agus gur duine d'aicme a shonraítear sna rialacháin an t-iarrthóir lena mbaineann."

Má airbheartaíonn alt 28(6) déanamh

rialacháin a chumasú chun soláthar a dhéanamh do scaoileadh taifead daoine éagtha d iarrthóirí sonraithe, d'fhéadfá a rá go bhfuil rialacháin den sórt seo riachtanach d'fhonn rochtain a fháil ar thaifid daoine éagtha. I bhfocail eile réamhthoimhdíonn alt 28(6) barra reatha ar cheadú rochtana taifead daoine éagtha. Go deimhin, is é alt 28(1) a bhunaíonn an barra sin.

Cé go ndíolmhaíonn alt 28(1) faisnéis phearsanta daoine éagtha ó scaoileadh faoi SF, níl sé riachtanach an díolúine seo a bhunú ar cheart ginearálta nó bunreachtúil ar phríobháideacht. Seachas sin, is sainfhoráil reachtúil é infheidhmithe i gcomhthéacs iarratas déanta faoin Acht SF amháin. Ina leabhar, *Freedom of Information Law in Ireland* (An Chéad Eagrán), ag Lch 285, léiríonn an tOllamh Maeve McDonagh gur dócha gur cuireadh isteach an fhoráil "chun daoine muinteartha agus cairde na ndaoine éagtha a chosaint". Tacaíonn sé seo leis an tuairim nach dteastaíonn, nó nach mbraitheann cosaint an Achta maidir le taifid na ndaoine éagtha, go mbeadh ceart ar phríobháideacht i gcás daoine éagtha.

Aontaím le hargóint an Uasail Feldman go bhfuil an éifeacht ag an bhfocal "d'ainneoin" in alt 28(6) cosaint alt 28(1) i gcás taifead daoine éagtha a dhífheidhmiú. Mar sin féin, tá feidhm ag an "dífheidhmiú" seo i gcúinsí teoranta amháin a d'fhéadfadh rialacháin déanta faoi alt 28(6) a fhorordú. Go sonrach, agus i gcomhthéacs thaifid na ndaoine éagtha, beidh feidhm ag an "dífheidhmiú" seo i gcás na n-iarrthóirí faoi na haicmí atá sonraithe sna rialacháin amháin. Dá réir sin, is í an phríomhcheist ná aicmí na n-iarrthóirí seo atá forordaithe sna rialacháin a shainaithint.

Rialacháin 1999

Sonraíonn Airteagal 3(1)(b) de Rialacháin 1999, a dhéileálann le ceart rochtana ar thaifid daoine éagtha, na haicmí seo a leanas, chun críche alt 28(6)(b) den Acht SF, mar iarrthóirí "a mbeidh" cead rochtana acu:

(i) "ionadaí pearsanta an duine éagtha ag feidhmiú i ndáil le riaradh a eastáit nó a heastáit ..."
(ii) "duine a dtugann an dlí feidhm dó/di maidir leis an duine aonair [.i. an duine éagtha] nó a eastáit nó a heastáit de réir feidhmithe na feidhme,"
(iii) "céile nó neasghaol an duine aonair nó cibé eile duine nó daoine más iomchuí leis an gceann é ag féachaint do na cúinsí go léir agus do threoirlínte ábhartha ar bith a dréachtaíodh agus a d'fhoilsigh an tAire".

Chun críche reatha, tá sé ceaptha agam déileáil le (iii) thuas amháin. Is í argóint an Uasail Feldman ná go bhfuil ceart neamhcháilithe ag céilí agus neasghaolta (fad is go bhfuil a n-aitheantais bunaithe acu) maidir le rochtain ar thaifid an duine éagtha i gceist. Forléiríonn an tUasal Feldman an cháilíocht in alt 3(1)(b)(iii) [" ag féachaint do na cúinsí go léir agus treoirlínte ábhartha ar bith a dréachtaíodh agus a d'fhoilsigh an tAire"] a bheith bainteach amháin i gcás na haicme is deireanaí den duine sainaitheanta san fhoráil, sé sin do "cibé eile duine nó daoine ...".

Glacaim go dtacaíonn forléiriú litriúil d'fhocail airteagal 3(1)(b)(iii) le staid an Uasail Feldman. Mar sin féin, beidh cásanna ann nuair a bhraitear ar an bhforléiriú litriúil, go mbeidh torthaí a d'fhéadfaí cur isteach ar an mBunreacht. Nuair is é seo an cás, caithfidh lucht déanta cinntí féachaint don Bhunreacht. Go deimhin, rinne an Chúirt Uachtarach pointe an-láidir de seo ina breithiúnas le déanaí i gcás *N.McK agus An Coimisinéir Faisnéise*, nuair a bhraith sí gur ghá "an Acht 1997 agus na Rialacháin a mhíniú de réir an Bhunreachta."

Sainaithníonn Rialacháin 1999 "céile" mar go n-áirítear ar "pháirtí ar phósadh atá díscaoilte" agus go n-áirítear ar chomh maith "fear nó bean nach raibh pósta ach a bhí ina gcónaí le chéile mar fhear céile agus bean chéile, leis an duine aonair éagtha". Ciallaíonn seo go n-aithnítear iarchéilí agus iarpháirtithe mar "chéilí" chun críche na Rialachán. Ní cosúil go raibh sé de rún ag an Oireachtas go ndéanfadh an tAire rialacháin leis an éifeacht go mbeadh an ceart rochtana céanna ag iarpháirtí (nach raibh pósta) ar thaifid an duine éagtha agus a bheadh ag baintreach nó baintreach fir a raibh an duine marbh ina chónaí/cónaí leis/léi roimh bhás. Tá sé deacair a shamhlú go mbeadh an sórt sin de thoradh slán go bunreachtúil i bhfianaise na forála ag Airteagal 41.3 den Bhunreacht: "Ós ar an bPósadh atá an Teaghlach bunaithe gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí".

Tagann deacrachtaí áirithe chun cinn i bhforléiriú na tagartha do 'neasghaol' in airteagal 3(1)(b)(iii). Ní shainaithníonn an tAcht SF nó Rialacháin 1999 cad is brí leis an téarma. Tagraíonn na treoirlínte ar láithreán gréasáin na Roinne – ag fágáil ceist a stádais ar leataobh faoi láthair – do chóir 'neasghaoil' san Acht Comharbais, 1965 mar "réimniú de chatagóirí ar neasghaol" a shocrú; ní luann na treoirlínte seo, áfach, go bhfuil rochtain faoi Rialacháin 1999 cúngaithe d'iarrthóirí faoin gcatagóir seo a bheith ag barr an réimnithe seo sa chás áirithe nó nach bhfuil. Mar shampla, glacann céile tosaíocht thar

thuismitheoir faoin Acht Comharbais; an gciallaíonn seo, nuair a bhíonn céile beo, nach dtig le hiarrthóir faoi chatagóir an neasghaoil atá níos faide thíos sa réimniú (mar shampla, tuismitheoir) cead rochtana a fháil ar an mbonn gur neasghaol iad? Lena chois sin, tagann cóir an Achta Chomharbais chun cinn i gcomhthéacs dhíthiomnacht an duine éagtha amháin. An léiríonn seo, chun críche Rialachán 1999, nach mbíonn 'neasghaol' ábhartha ach i cásanna díthiomnachta amháin? Cad a tharlaíonn má fhágann an duine éagtha treoracha follasacha (mar a tharla i gcás amháin a bhí ag m'Oifig) nar cheart don chéile, ag meas gur seo an neasghaol, rochtain a fháil ar thaifid phearsanta an duine éagtha? Tá an cheist ann chomh maith go n-aithnítear céilí mar chatagóir eile in airteagal 3(1)(b)(iii) ach dealródh sé a bheith cuimsithe i gcatagóir an neasghaoil. Ar an lámh eile, go d'fhéadfaí aicmí daoine cosúil le tuismitheoirí, siblínigh, nianna agus neachtanna a chur in aicme an neasghaoil agus d'fhéadfaí iad a chur san aicme deiridh in airteagal 3(1)(b)(iii) chomh maith ("cibé duine nó daoine eile").

Ba í an chomhairle dhlí a fuair mé ná go bhfuiltear ábalta an tagairt de "neasghaol" i Rialacháin 1999 a thuiscint mar thagairt do pháirtí ar bith a bhféadfaí cur san áireamh san aicme agus ní hamháin, i gcás áirithe ar bith, don pháirtí measta mar an neasghaol is láithrí.

Ní cosúil go raibh sé ceaptha ag an Aire, agus é ag déanamh Rialachán 1999, go mbeadh cearta neamhcháilithe ag céilí agus neasghaolta maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta duine éagtha nó duine muinteartha. Lena chois sin, tá sé ábharta a mheabhrú gur cumhacht teoranta atá sa chumhacht rialacháin a dhéanamh agus níl an tAire ag déanamh níos mó ná na mionsonraí a líonadh isteach nuair a bhíonn príomhlínte na forála leagtha síos ag an Oireachtas. Níl rud ar bith in alt 28(6) le léiriú gur cheart go nglacfadh an tAire cur chuige forleitheadach i ndáil le haicmí daoine a shonrú chun rochtain a fháil ar thaifid phearsanta an duine éagtha. Go deimhin, tig argóint a dhéanamh nach dtugann alt 28(6) treoir ar bith maidir le cad iad na haicmí ba cheart a shonrú. Tig argóint a dhéanamh, go háirithe, dá leanfadh duine forléiriú litriúil d'airteagal 3(1)(b)(iii) ansin bheadh an sainmhíniú de "céile" i Rialacháin 1999 *ultra vires* an Achta SF. Tá sé seo ann de bharr, go háirithe, nach gceadaíonn forléiriú litriúil idirdhealú ar bith a dhéanamh i dtéarmaí stádais idir chéile an duine éagtha trí phósadh (aitheanta ag an mBunreacht) agus duine a bhí an duine éagtha ina chónaí/cónaí leis/léi ach nach raibh siad pósta. Tá sé deacair a leithéid de chás a réiteach le gealltanas an Bhunreachta: "... gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí". Níl rud ar bith san Acht a thacaíonn leis an tuairim go raibh sé de rún ag an Oireachtas gur cheart don Aire cearta a thabhairt d'aicmí iarrthóirí i dtéarmaí chomh leathan sin; agus is cinnte nach mbeadh sé de rún ag an Oireachtas go mbeadh forálacha sna Rialacháin a mbeadh i gcoimhlint leis an mBunreacht.

Sna cúinsí seo, tá sé réasúnta an tuairim a ghlacadh go raibh tiomnú an Oireachtais don Aire le cur i bhfeidhm i mbealach faichilleach.

I bhfianaise na ndeacrachtaí seo go léir, agus mo chuid tráchtanna thuas ar nádúr na reachtaíochta tánaistí, táim sásta i ndéileáil le cearta féideartha rochtana d'iarrthóir ag brath ar a bheith ina neasghaol, nó ag brath ar an stádas céile, ba chóir do lucht déanta cinntí a bheith cúramach. Beidh cásanna ann nuair a bheidh sé riachtanach caitheamh le hiarrthóirí sa dá aicme sin amhail is nach bhfuil acu ach ceart cáilithe rochtana ar thaifid na ndaoine éagtha. I gcásanna nuair a thiocfadh toradh as an bhforléiriú litriúil a bheadh amhrasach go bunreachtúil, beidh ceart ag lucht déanta cinntí (mura bhfuil gá leis) cinneadh a thabhairt i ndiaidh cleachtaidh a d'fhéachadh do "na cúinsí uile agus do threoirlínte ábhartha ar bith a dhréachtaigh agus a d'fhoilsigh an tAire".

Treoirlínte an Aire

Is í an cheist dheiridh do bhreithniú ná an bhfuil treoirlínte ábhartha ar bith dréachtaithe agus foilsithe ag an Aire. Tuigim go nglacann an Roinn Airgeadais leis an tuairim go bhfuil a leithéid de threoirlínte dréachtaithe agus foilsithe ag an Aire – san fhoirm *Guidance notes on Access to records by parents/guardians Access to records relating to deceased persons prepared under section 28(6) of the Freedom of Information Act, 1997* agus foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne. Ar an lámh eile, tá argóint an Uasail Feldman an-áititheach. Ag éisteacht achomhairc na Cúirte Uachtaraí N. McK. agus an Coimisinéir Faisnéise, a bhí ar siúl i mí na Samhna 2005 tarraingíodh an cheist seo anuas. Bhí an chuma go raibh comhaontú idir na foirne dleathacha a bhí bainteach nach ionann na treoirlínte foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Airgeadais agus na treoirlínte a bhí samhlaithe i Rialacháin 1999. Ar an drochuair, níor dhéileáil breithiúnas scríofa na Cúirte Uachtaraí leis an gceist seo. Dá réir sin, tá sé cothrom a rá go bhfuil mearbhall mór ann faoi an seasann na treoirlínte a foilsíodh go fírinneach do na treoirlínte a bhí samhlaithe i Rialacháin 1999.

Tá níos mó ná ceist acadúil i gceist. Ar lámh amháin, más treoirlínte reachtúla iad na treoirlínte a foilsíodh, tá lucht déanta cinntí (agus m'Oifig) faoi oibleagáid aird a thbhairt orthu. Ar an lámh eile, murar treoirlínte reachtúla iad na treoirlínte a foilsíodh, d'fhéadfaí déantóir cinntí a thug aird orthu a cháineadh de bharr breithnithe neamhbhainteacha a chur san áireamh.

Tá deacracht eile ann, fiú má ghlacann tú gur ionann na treoirlínte a foilsíodh agus na treoirlínte a bhí samhlaithe i Rialacháin 1999. Tagann seo as teanga na dtreoirlínte sin, a bhfuil an chuma orthu, i ndéileáil le rochtain ar thaifid daoine éagtha, go nglacann siad go bhfuil an ceart príobháideachta céanna ag daoine éagtha agus atá ag daoine atá beo. [Mar shampla, labhraíonn na treoirlínte faoi dhéantóir cinntí ag rá gur cheart dó "ceart príobháideachta an duine éagtha a chothromú i gcoinne cheart an iarrthóra do rochtain ar thaifid" agus luaitear freisin "ceart an duine éagtha ar phríobháideacht mar atá leagtha amach in alt 28(1) den Acht".] B'fhéidir go raibh teanga na dtreoirlínte, sa réimse sonrach seo, ceaptha i mbealach an-ghinearálta agus nach bhfuil siad ag maíomh go bhfuil ceart ag daoine éagtha ar phríobháideacht bunaithe ar an mBunreacht, nó ar reacht nó ar an Dlí Coiteann. Mar sin féin, chruthaíonn an teanga seo deacracht agus is cosúil gur cheart don Aire (a) stádas na dtreoirlínte atá foilsithe cheana a dheimhniú agus (b) an staid atá á ghlacadh maidir le ceart daoine éagtha ar phríobháideacht a dheimhniú.

I bhfianaise na ndeacrachtaí thuas, áfach, glacaimse an tuairim gur cheart Rialacháin 1999 a athbhreithniú go hiomlán agus gur cheart seo a dhéanamh mar cheist phráinneach.

BAINISTÍOCHT TAIFEAD

Rinne Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo tagairt don tábhacht a bhaineann le cleachtais agus beartais mhaithe ar bhainistíocht taifead laistigh de chomhlachtaí poiblí.

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana anuraidh tharraing mé anuas buarthaí faoi na deacrachtaí a bhí ag baill an phobail maidir le rochtain a fháil ar a dtaifead leighis ó ospidéil. Tá mé ag teacht ar ais go dtí an cheist seo mar go ndearnadh deacrachtaí a thagann as drochbhainistíocht taifead laistigh d'ospidéil, agus i ndáil le taifead leighis go ginearálta, a thabhairt chun suntais i roinnt cásanna lenar dhéileáil m'Oifig le linn 2005. Tá taifid leighis daoine i measc na dtaifead pearsanta is íogaire agus ní mór a bheith an-chúramach maidir le cosaint agus athghabháil éifeachtach an tsóirt seo taifead. Déantar dhá cheann de na cásanna lenar dhéileáil mé, agus na ceisteanna a tháinig chun cinn, a achoimriú thíos.

Dhéileáil mé le cás eile fosta a tharraing buarthaí anuas faoi shocruithe a rinne an Oifig Luachála do stóráil na dtaifead faoina smacht.

Ospidéal Muire do Leanaí Breoite – Cás-Uimhir 050133

Sa chás seo, lorg an t-iarrthóir rochtain ar a taifid leighis ach ní raibh an tOspidéal ábalta ach teacht ar scannáin x-gha agus roinnt de thaifid eile, agus rinneadh an cinneadh a achomharc chuig m'Oifig.

Cé gur dheimhnigh mé cinneadh an Ospidéil nach rabhthas ábalta teacht ar thaifid leighis an iarrthóra ar deireadh, bhí iontas agus suaitheadh orm ag an bhfíric nach rabhthas ábalta teacht ar thaifid leighis a réisigh tréimhse de bheagnach fiche bliain, a bhí á n-úsáid san Ospidéal go dtí le déanaí. Leis an bhfíric go raibh riocht leighis measartha annamh ar an iarrthóir, agus an seans go mbeadh a comhad leighis suntasach go maith, bhí torthaí m'athbhreithnithe níos suaití arís.

Cé go raibh mé sásta nach raibh fianaise ar bith d'éagúis ó thaobh an Ospidéil de sa chás áirithe seo, bhí amhras ar an iarrthóir. Nuair a imíonn taifid leighis úrnua ar strae, níl iontas ar bith ann go mbeidh othair amhrasach faoi éagúis.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Limistéar an Mheáin-Iarthair) – Cás-Uimhir 050242

Sa chás seo, lorg an t-iarrthóir rochtain ar a thaifid leighis a bhí dátaithe ar ais go dtí na 1970idí. Rinneadh cuardach in áiteanna éagsúla ina mb'fhéidir go mbeadh na taifid ach níor éirigh leis. Ba í an t-aon áit nár scrúdaíodh go mion ná saoráid as láithréan a bhí á reáchtáil ag gnólacht phríobháideach conraithe chun taifid a stóráil ar son an Ospidéil a bhí bainteach. Ní rabhthas ábalta uimhir othair an iarrthóra a chinntiú, áfach, mar ní rabhthas ábalta teacht ar an gclár a bhí ann le linn na tréimhse a d'fhreastail an t-iarrthóir ar an Ospidéal. Ó scrúdú a dhéanamh ar chláir eile, ba í tuairim an Ospidéil ná go raibh uimhir othair an iarrthóra ar cheann de shraith de thart ar 2,470 othar. Dá dtarlódh sé go raibh ar an gcuideachta stórais gach uile cheann de na huimhreacha sin a scrúdú go dtí go bhfuarthas an comhad, bheadh ar an Ospidéal faoin gconradh idir í féin agus an cuideachta €7.50 a íoc ar gach uimhir a scrúdódh; chiallódh sé mar sin go mbeadh os cionn €18,500 iníoctha. Ar an dea-uair, fuarthas an comhad i ndiaidh na cuideachta stórais spotseiceáil a dhéanamh ach, mar sin féin, chuir an cás béim ar an bhféidearthacht de thoradh an-mhíshásúil ina bhféadfadh sé go mbeadh bille an-ard le híoc ag an Ospidéal .

Mholfainn do gach comhlacht poiblí a théann isteach i gconarthaí mar seo a chinntiú go dtig gach taifead a aisghabháil go furasta i mbealach éifeachtach ó thaobh costais de agus go nglacfar céimeanna chun a dtaifead innéacsaithe féin a chosaint mar go gcuireann siad seo taca faoi chórais storáis éifeachtacha cé acu a mbíonn siad ar an suíomh nó ar shuíomh eile.

An Oifig Luachála – Cás-Uimhir 050240

Sa chás seo lorg an t-iarrthóir rochtain ar thaifid mheasúnaithe maidir le "Cáin Feirme" dá mhaoin, suite i gCo. na Gaillimhe, a chruthaigh Oifig an Choimisinéara Cánach Feirme (OCCF). Rinne na taifid OCCF a aistriú go dtí an Oifig Luachála nuair a cuireadh deireadh leis an OCCF le linn na 1990idí ach níor tugadh feidhm nó ról ar bith don Oifig maidir le taifid chánach feirme, seachas soláthar dá stórais. Nuair a d'aistrigh an Oifig Luachála go dtí áitreabh níos lú ina dhiaidh sin, cuireadh na taifid OCCF, in éineacht le taifid áirithe eile na hOifige Luachála, i stóras le cuideachta phríobháideach agus ceaptar go bhfuil siad coinnithe i "mboscaí baincéara" anois i dtrí shuíomh dhifriúla i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Níor innéacsú ábhar na mboscaí seo mar is ceart riamh, áfach.

Ina áit sin, rinneadh gach bosca a mharcáil go simplí le huimhir thagartha agus cur síos ginearálta ar an ábhar a bhí istigh sa bhosca. Mar fhreagairt ar an gceist sa chás seo, fuarthas na boscaí do Cho. na Gaillimhe ar ceapadh go raibh taifid OCCF iontu, ach ní bhfuarthas comhaid OCCF ar bith. Le linn m'athbhreithnithe, d'aithin an Oifig Luachála an fhéidearthacht go mb'fhéidir gur cailleadh na comhaid OCCF do Cho. na Gaillimhe. D'fhéadfadh sé a bheith chomh maith nár sainaithníodh na taifid OCCF uile mar is ceart nuair a cuireadh i stóras iad sa chéad áit nó nach dearnadh gach taifid OCCF a sheachadadh go dtí an Oifig Luachála nuair a cuireadh deireadh leis an OCCF.

Chuir an Oifig Luachála tús le déanaí le clár atagartha bunaithe ar ríomhchóras bainistíochta taifead a úsáideann an chuideachta stórais i ndáil le taifid chustaiméirí eile. Is í mo thuiscint ná nuair a bheidh an tionscadal atagartha curtha i gcríoch, ba chóir go mbeadh an Oifig Luachála ábalta cuardach ar líne a dhéanamh i ndáil le taifid faoi leith ar bith coinnithe ar a son ag an gcuideachta stórais. Idir an dá linn, áfach, is í an t-aon dóigh a bheadh ann le cinntiú cá bhfuil na taifid a bhaineann le maoin an iarrthóra ná aisghabháil agus scrúdú a dhéanamh ar na boscaí uile taifead atá fágtha agus atá coinnithe ar son na hOifige Luachála ag an chuideachta stórais. Cé go bhfáiltím roimh an tionscnamh a ghlac an Oifig Luachála trí thionscadal atagartha a bhunú, chuir an t-athbhreithniú seo béim, ó pheirspictíochtaí SF agus peirspictíochtaí eile, ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú go bhfuil modhanna éifeachtacha ann d'aisghabháil nuair a chuireann comhlachtaí poiblí taifid i stóras le cuideachtaí príobháideacha .

IOMPAR AMHRASACH DE CHOMHLACHT POIBLÍ AGUS TRÍÚ PÁIRTÍ

I mo thaithíse, déanann an chuid is mó de na comhlachtaí poiblí agus na tríú páirtithe lena dhéanann m'Oifig teagmháil, a ndícheall comhoibriú i mbealach a chuidíonn le m'Oifig maidir lena chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha uile os mo chomhair le linn athbhreithnithe. Cé go n-aithním nach gá go léireodh páirtithe athbhreithnithe laigí ar bith ina gcás féin, bím ag dréim nach gcuirfeadh páirtithe athbhreithnithe cosc ar na fíricí ábhartha nó nach dtabharfadh siad an fhaisnéis mhícheart dom. Go haiféalach, i gcás áirithe amháin a déileáladh leis le linn na bliana, ní raibh iompar tríú páirtí amháin, agus go méid níos lú iompar comhlachta phoiblí, ró-inghlactha i mo thuairimse.

An Uas. Martin Collins agus an Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha – Cás-Uimhir 040275

Sa chás seo, bhí socruithe díolacháin agus rogha a bhain le maoin á n-úsáid d'fhorbairt fheirm ghaoithe ag Daraidh Braoin, Baile Loch Riach, Co. na Gaillimhe, lárnach do m'athbhreithniú ar chinneadh an Roinne. Ba é Coillte Teoranta a dhíol láithreán Dharaidh Braoin i 2001 d'fhorbróir na feirme gaoithe, Saorgus Energy, Ltd. Roimhe sin, áfach, bhí sé mar pháirt a bhí thart ar 400,000 heicteár d'fhoraois agus bhí sé faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht an Stáit go dtí gur aistríodh na feidhmeanna sin go Coillte ar a ionchorparú faoin Acht Foraoiseachta, 1988. Chuir Saorgus na socruithe díolacháin agus rogha i gceist isteach chuig an Roinn i dtaca lena bhfeidhmiúcháin faoin gClár um Riachtanas Fuinnimh Mhalartaigh (AER) arna riaradh ag an Roinn.

Mar ata ráite agam i mo chinneadh, bhí m'athbhreithniú ann san ochtú bliain den Acht SF a bheith i bhfeidhm, le roinnt mhaith cinntí bainteach le tairiscintí arna n-eisiúint ó m'Oifig. Ina theannta sin, shainchomhairligh foirmeacha iarratais AER i litreoireacht throm agus íodálach an fhéidearthacht go nochtófaí taifid coinnithe ag an Roinn faoin Acht SF. Mar sin féin, le linn an athbhreithnithe, chuir Saorgus tréan-aighneas faoi mo bhráid ag léiriú a iontas go "gcuirfinn iachall ar roinn rialtais faisnéis, a cuireadh isteach aici faoi muinín tráchtála mar pháirt de thairiscint iomaíoch stát-ur-

raithe, a scaoileadh." Lena chois sin, ghlac Saorgus céim neamhghnách ag iarraidh ar an Roinn gan cóipeanna de na socruithe díolacháin agus rogha a chur ar fáil do m'Oifig. Mar fhreagairt ar seo, ghlac an Roinn le hiarrtas Saorgus fad is a bhí sí ag ar feitheamh ar chomhairle an Ard-Aighne ar an gceist a fháil. Tharla sé seo d'ainneoin forálacha alt 37 den Acht a chuireann i dteideal dom a iarraidh ar dhuine ar bith ag a bhfuil faisnéis, nó ag a bhfuil taifead ina chumacht/cumhacht nó ina smacht atá, i mo thuairimse, ábhartha chun críche an athbhreithnithe, a leithéid d'fhaisnéis nó taifead a chur ar fáil dom.

I mo chinneadh, bhraith mé go raibh sé deacair a thuiscint cén dóigh a mbeadh iontas ar chuideachta a bhí ag tairiscint do chonradh i gcomórtas riartha ag comhlacht poiblí go mb'fhéidir go bhfoilseofaí na taifid tairscint-bhainteacha, coinnithe ag an gcomhlacht poiblí. Mheas mé fosta gur cheart go mbeadh fios maith ag an Roinn faoi m'údarás faoi alt 37 gan acu dul ag lorg comhairle an Ard-Aighne roimh na taifid a bhí faoi réir an athbhreithnithe a chur ar fáil do m'Oifig.

Cheap mé, áfach, go raibh iompar Choillte san athbhreithniú an-doghlactha. In iarratas ag airbheartú a stádas reachtúil a dheimhniú d'fhonn a agóid maidir le foilsiú na socruithe díolacháin agus rogha a thacú, mhaígh Coillte gur cuideachta phríobháideach theoranta a bhí inti nach raibh faoi rialú roinn Rialtais ar bith. Níor luaigh iarratas Choillte rud ar bith ar chóir faoi bhreithiúnas ceangailteach Chúirt Cheartais na hEorpa ina dearnadh tuairim Choillte dá stádas mar chuideachta phríobháideach a dhiúltú. I gcás C-339/00, *Éire v. Coimisiún na gComhphobal Eorpach* [2003] ECR I-11757, chinn an Chúirt (Cúigiú Roinn) gur fiontar poiblí í Coillte go hiomlán faoi úinéireacht agus riail an Stáit. Sna cúinsí, chuir mé síos ar an gcaoi ar theip ar Choillte aon tagairt a dhéanamh do rialú na Cúirte ar a stádas a chur ina aighneacht mar rud a bhí mí-ádhúil.

ALT 29

Gan dabht seo ceann de na forálacha is casta san Acht SF. Soláthraíonn sé ceanglas reachtúil fógraí nach mór do chomhlachtaí poiblí a chur san áireamh maidir le díolúintí in alt 26 (faisnéis faighte i muinín), alt 27 (faisnéis íogair tráchtála) agus alt 28 (faisnéis phearsanta faoi thríú páirtí). I ngach ceann de na cásanna sin tig leis an gcomhlacht poiblí iarratas a cheadú, d'ainneoin go bhfuil na taifid díolmhaithe ar chuma eile de bhua alt 26, 27 agus 28, má cheaptar gur fearrde é ó thaobh leasa an phobail de an t-iarratas a cheadú seachas é a dhiúltú. Mar sin féin, léiríonn an tAcht go dtagann aon rún chun ábhar a scaoileadh, ar ábhar é ata díolmhaithe ar chuma eile, faoi réir fhorálacha ailt 29. Ceanglaítear ar an gcomhlacht poiblí leis an alt seo go gcuirfidh sé in iúl do thríú páirtithe go bhfuil sé ar intinn an t-iarratas a cheadú, ar mhaithe le leas an phobail, agus go mbreathnóidh an comhlacht poiblí ar aighneacht ar bith ó thríú páirtithe sula gcinnfidh sé an t-iarratas a cheadú nó gan é a cheadú.

Cé go bhfuil cuma measartha simplí air seo, comhchomhairlíonn comhlachtaí poiblí go gnáthaimh le tríú páirtithe gan bheith tagtha ag an tuairim go: (i) go bhfuil feidhm ag díolúine alt 26, 27 nó 28 agus (ii) go bhfuil leas an phobail i bhfabhar scaoilte ar aon chaoi.

I roinnt cásanna, déanann comhlachtaí poiblí teagmháil le tríú páirtithe go "neamhfhoirmiúil", mar shampla, agus é mar aidhm cead scaoilte a lorg nó de gheall an páirtí a chur ar an eolas go raibh faisnéis fúthu ar tí a scaoilte. Tig le teagmháil a tharlú i gcúinsí nuair a bhíonn sé de thuairim an chomhlachta poiblí nach bhfuil díolúine ar bith infheidhmithe ach, trí theagmháil a dhéanamh leis an tríú páirtí, tagraíonn siad d'fhorálacha alt 29 nach bhfuil, i ndáiríre, feidhm leis.

Táim buartha faoin easpa den chineál de cur chuige comhsheasmhach ba cheart a bheith ann. Táim buartha fosta nach soláthraíonn an tAcht SF do chomhchomhairle le tríú páirtithe i ngach cás ina rachadh scaoileadh taifead i bhfeidhm ar thaifid tríú páirtithe. Níl sé sásúil nach soláthraíonn an reachtaíocht atá ann cheana ach do chomhchomhairle i gcúinsí áirithe agus go deimhin níl sé cothrom i gcásanna áirithe. Is léir é nuair a tharlaíonn comhchomhairle nach bhfuil sé go díreach de réir alt 29, gur toradh é go minic ar iarrachtaí dea-mhianta comhlachtaí poiblí d'fhonn tríú páirtithe a chur ar an eolas go bhféadfadh sé go ndéanfaí taifid a bhaineann leo a scaoileadh agus cuireadh a thabhairt d'iarratas d'fhonn a chinntiú go dtig leis an gcomhlacht poiblí a bheith feasach faoi íogaireachtaí áirithe a d'fhéadfadh a bheith ag baint le taifead nó taifid sula ndéanfaí cinneadh é/iad a scaoileadh.

Chun críche tuilleadh machnaimh ar an ngné seo den reachtaíocht a spreagadh, agus comhlachtaí poiblí a chur ar an eolas agus cuidiú leo i ndáil le déileáil le cásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh gá le comhchomhairle a dhéanamh le tríú páirtithe nó go mbeadh sé inmhianta, tá sé de rún agam tráchtaireacht a ullmhú agus a fhoilsiú, mar a sholáthraítear in Alt 39 den Acht, ar chur i bhfeidhm agus ar fheidhmiúchán praiticiúil fhoráil alt 29.

BREITHIÚNAIS NA hARD-CHÚIRTE AGUS NA CÚIRTE UACHTARAÍ

Tig le páirtí ar bith ar athbreithniú, nó duine ar bith eile a dtéann mo chinneadh i bhfeidhm orthu, acomharc a dhéanamh chuig an gCúirt ar phointe dlí. I ndiaidh leasaithe ar an Acht i 2003, níl cinneadh na hArd-Chúirte ar an gcinneadh deiridh níos mó agus tig é a achomharc chuig an gCúirt Uachtarach. Le linn 2005 sheachaid an Ard-Chúirt breithiúnais in dhá achomharc ar mo chinntí agus sheachaid an Chúirt Uachtarach breithiúnas i gcás amháin.

An Chúirt Uachtarach - Barney Sheedy v. an Coimisinéir Faisnéise [2005] IESC 35

Tá cur síos agam ar na príomhcheisteanna a bhaineann leis an chás seo, níos túisce sa Tuarascáil seo, sa sliocht faoi "Tuarascálacha Cigireachta ar Scoileanna".

Tá téacs iomlán bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí le fáil ar láithreán gréasáin m'Oifig - www.oic.gov.ie .

An Ard-Chúirt - Bord Sláinte an Limistéir Thiar Theas v. an Coimisinéir Faisnéise [2002] Uimh. 99 MCA

Lorg an t-iarrthóir rochtain ar thaifid a breithe agus a socrúcháin d'uchtú go luath sna 1960idí. I gcinneadh a glacadh i 2002, chinn mo réamhtheachtaí go raibh cuid de na taifid, lena n-áirítear iad siud le faisnéis a chuirfeadh an t-iarrthóir ar a chumas a máthair bhreithe a shainaithint nó a aimsiú b'fhéidir, díolmhaithe ó scaoileadh. Ba é údar an toraidh seo ná go dtoirmisceann alt 32 den Acht SF scaoileadh taifead atá faoi réir forálacha rúndachta reachtúla – sa chás seo tá na forálacha ábhartha faoi na hAchtanna Uchtála 1952 agus 1976. Thug an cinneadh treoir go mbeadh faisnéis eile sna taifid, a bhí measta gan aitheantas na máthar a chur in iúl, le scaoileadh.

Rinneadh achomharc an Bhoird Sláinte ina dhiaidh sin chuig an Ard-Chúirt a chumhdach i mBealtaine 2005. Chinn an breithiúnas nach raibh cinneadh an Choimisinéara, gan teagmháil a dhéanamh leis an máthair bhreithe, míchothrom ó thaobh nós imeachta de agus nár cheart tábhacht na faisnéise don iarrthóir a chur san áireamh ós rud é go raibh a hintinn faoi seo "ina ábhar neamhbhainteach". Chinn an breithiúnas chomh maith go raibh an Coimisinéir seachránaithe i moltaí a ghairm d'athrú reachtaíochta sa réimse uchtála. Chinn an breithiúnas go raibh an fhaisnéis sna taifid faoi rún agus nach raibh sé i leas an phobail í a scaoileadh, fiú san fhoirm maolaithe a mhol an Coimisinéir.

Níor chuir Seirbhís na gCúirteanna leagan scríofa den bhreithiúnas ar fáil. Tá téacs an bhreithiúnais, áfach, a thaifead luathscríobhaí coinnithe ag an mBord Sláinte le fáil ar láithreán gréasáin m'Oifig - www.oic.gov.ie.

An Ard-Chúirt – An tUas. X v. an Coimisinéir Faisnéise

Sa chás seo chumhdaigh an Ard-Chúirt mo chinneadh maidir le hiarratas duine ar leasú a dhéanamh ar fhaisnéis phearsanta i dtuarascáil de chuid Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT). Mac léinn ba ea an t-iarrthóir ag DIT nuair a rinne sé an gearán maidir le seachadadh ceann dá chúrsaí. Tháirg an Institiúid tuairisc i bhfreagairt ar an ngéaran a chuireann síos ar fhadhbanna a bhaineann le seachadadh an chúrsa, tráchtanna ar mheasúnú obair shaotharlainne na mac léinn, tagairt do na hábhair a chlúdaíonn an cúrsa agus freagairt na leachtóirí ar na gearáin. Mar go raibh an t-iarrthóir míshásta leis an tuairisc, lorg sé páirteanna dó a leasú faoi alt 17 den Acht SF.

Soláthraíonn alt 17 do leasú ar fhaisnéis phearsanta má bhíonn sí neamhchríochnaithe, mícheart nó míthreorach. Fágann sin é go gcaithfidh iarrthóir a lorgaíonn leasú ar thaifid ar dtús, a thaispeáint gur faisnéis phearsanta í a bhaineann leis/léi féin atá ann, agus ansin, go bhfuil an fhaisnéis mícheart. Tá sainmhíniú ar fhaisnéis phearsanta le fáil san Acht SF. Soláthraíonn sé seo i measc riachtanas eile, nach mór go mbeadh an fhaisnéis "faoi dhuine aonair shainaitheanta". I ndiaidh ábhar na tuarsacála a scrúdú go cúramach, bhí mé sásta nach bhféadfaí na sleachta a d'éiligh an t-iarrthóir a bheith mícheart a bheith faoi féin agus, mar sin, ní fhéadfaí a ghlacadh gur fhaisnéis phearsanta féin a bhí i gceist. Dá réir sin, chinn mé nach raibh ceart ar bith ag an iarrthóir maidir leis an bhfaisnéis a leasú faoi alt 17 den Acht.

D'achomharc an t-iarrthóir mo chinneadh chuig an Ard-Chúirt. I mbreithiúnas béil a seachadadh i nDeireadh Fómhair 2005 d'aontaigh an Ard-Chúirt le mo chinneadh agus dhiúltaigh sí a acomharc. Ag am scríofa na Tuarascála seo, níl leagan scríofa ar bith den bhreithiúnas ar fáil.

04

Cinntí

Ba é mo thuairim ghinearálta, nach bhfuil sé ceaptha ag alt 26 leasa comhlachtaí poiblí a chosaint .....

INNÉACS NA nÁBHAR CLÚDAITHE

Taifid a Bhaineann le Binsí nó Fiosraithe
Cás-Uimhir 020488
Cás-Uimhir Cás 030830
Cás-Uimhir 030847
Cás-Uimhir 030624

Athleasú ar Thaifid Leighis
Cás-Uimhir 040143

Rochtain ar Thaifid Shíciatracha
Cás-Uimhir 040348

Cruthú de Thaifid úra d'fhonn Iarratas a Dheonú
Cás-Uimhir 010072

Scóip na n-Athbhreithnithe Inmheánacha
Cás-Uimhir 040140

Taifid an Rialtais
Cás-Uimhir 040097

Tá sé ceaptha ag an gCaibidil seo, ag úsáid ábhair as roinnt bheag de chinntí le linn 2005, pointí suime a thabhairt chun suntais chuig comhlachtaí poiblí agus úsáideoirí SF mar an gcéanna.

TAIFID A BHAINEANN LE BINSÍ NÓ FIOSRAITHE

Cuireadh Alt 22(1A) isteach san Acht SF 1997 trí alt 17 den Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003* agus soláthraíonn sé mar a leanas:

"(1A) A head may refuse to grant a request under section 7 if the record concerned relates to the appointment or proposed appointment, or the business or proceedings, of -

(a) a tribunal to which the Tribunals of Inquiry (Evidence) Act 1921 applies,

(b) any other tribunal or other body or individual appointed by the Government or a Minister of the Government to inquire into specified matters at least one member, or the sole member, of which holds or has held judicial office or is a barrister or a solicitor, or

(c) any tribunal or other body or individual appointed by either or both of the Houses of the Oireachtas to inquire into specified matters, and the request is made at a time when it is proposed to appoint the tribunal, body or individual or at a time when the performance of the functions of the tribunal, body or individual has not been completed.

(1B) Subsection (1A) does not apply to a record in so far as it relates to the general administration of, or of any offices of, a tribunal or other body or an individual specified in that subsection."

* Ní gnách aistriúchan (neamhoifigiúil) Gaeilge a chur ar schleachta reachtaíochta a bhfuil aistriúchan oifigiúil Gaeilge ag Rannóg an Aistriúchain, Oifig Thithe an Oireachtais ar feitheamh ina leith.

Le linn 2005 dhéileáil mé leis an díolúine seo i gceithre chás suntasacha. Tá trí cheann dóibh seo idirghaolmhar; bhí an cheist ard-íogair i ndáil le polasaí, cleachtas agus modh scrúdaithe iarbháis sa Stát ó bhí 1970 sna taifid.

Feargal Bowers agus Ospidéal Naomh Mhuire um Leanaí Breoite - Cás-Uimhir 020488

Tuismitheoirí ar son Ceartais agus an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais - Cás-Uimhir 030830

Tuismitheoirí ar son Ceartais agus Ospidéal Naomh Mhuire um Leanaí Breoite - Cás-Uimhir 030847

Sa trí chás seo lorg na hiarrthóirí taifid ó na hOspidéil maidir le comhfhreagairt

le, agus bainteacht le Binse Dunne a bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí, cleachtas agus modh scrúdaithe iarbháis sa Stát ó 1970.

Chuir na hiarrthóirí iarratas isteach chuig m'Oifigse maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí a rinne na hOispidéil rochtain ar a leithéid de thaifid a dhiúltú ar bhonn dhíolúiní éagsúla. Le linn an athbhreithnithe, lorg na hOspidéil brath, i dtacaíocht dá gcinntí, ar Alt 22(1A). Bhí seo le cois éileamh go raibh na taifid díolmhaithe mar go raibh siad faoi rún mar a soláthraíodh dó i ngealltanas ar rúndacht a tugadh don Fhiosrú; gur sholáthraigh an Fiosrú agus daoine eile taifid do na hOspidéil ar thuiscint agus ionchas muiníne; go raibh ábhar bainteach le próisis bhreithniúcháin na nOspidéal, agus bheadh a scaoileadh contrártha do leasa an phobail; go ndéanfadh scaoileadh na dtaifead dochar d'éifeachtacht na n-imscrúduithe déanta ag na hOspidéil, go mbeadh iarmhairt dhochrach mhór aige ar fheidhmiú na bhfeidhmeanna bainistíochta agus go nochtódh sé staideanna a glacadh chun críocha idirbheartaíochtaí agus go raibh na taifid faoi chosaint ag pribhléid ghairmiúil dhleathach. Le linn an athbhreithnithe, lorg na hOspidéil brath ar an díolúine ag alt 23(1)(a)(iv) chomh maith tríd éileamh go mbéifí ag dréim go réasúnta go bhféadfadh rochtain ar na taifid dochar nó damáiste a dhéanamh do chothroime imeachtaí sibhialta.

Sula ndearna mé mo chinntí, áfach, fógraíodh go gcuirfí deireadh leis an bhFiosrú ar 31 Márta 2005. Bhí sé déanta soiléir agam sna cásanna seo, mar a bhí déanta agam i gcásanna roimhe seo, go ndéanfaidh mé mo chinneadh le linn athbhreithnithe, reachtaíochta nó athrú i dtosca ar bhonn na bhfíricí agus na dtosca (athrú sa reachtaíocht san áireamh) a bhí bainteach nuair a rinne mé mo chinneadh.

Mar gur cuireadh deireadh le Fiosrú Dunne ag an am mo chinnidh, agus nár ceapadh comhlacht nó duine aonair ar bith eile chun fiosrú a dhéanamh faoi na taifid, chinn mé nach raibh feidhm ag alt 22(1A) sa chás seo.

Maidir le halt 26(1) agus rúndacht, chinn mé gurb é foirne na nOspidéal nó a bhfoirne dleathacha a d'ullmhaigh an chuid is mó de na taifid le linn fheidhmithe a bhfeidhmeanna. Chiallaigh seo, mar a soláthraítear dó ag alt 26(2), nach mbainfeadh díolúine alt 26 ach i gcás taifid a chruthaigh an tOspidéal, de bharr dhualgas rúndachta don Fhiosrú nó tríú páirtí eile. De bharr nach raibh an Fiosrú ann níos mó, ba é mo thoradh ná nach raibh cumhacht ar bith ag na gealltanais i ndáil le rúndacht níos mó. Chinn mé, sna tosca sin, nár bhain dualgas rúndachta bunaithe i gcothromas ach oiread, ag cur san áireamh, i measc rudaí eile, nach mbeadh an Fiosrú as feidhm i staid caignean do shárú rúndachta a choinneáil.

Maidir le comhfreagracht idir ceann de na hOspidéil agus cuideachtaí cógaisíochta, bhreathnaigh mé, ag cur comhthéacs a gcruthaithe agus a gcumarsáide don Fhiosrú san áireamh, nach raibh faisnéis ag a raibh an caighdeán de rúndacht a bhí de dhíth sna taifid d'fhonn caingean do shárú ar an dualgas cothromais rúndachta a bheith rathúil. Chonaic mé nach raibh an fhaisnéis tugtha sna tosca a forchuireann an dualgas rúndachta agus nach bhféadfadh dearcadh ar úsáid na hÓspidéal mar neamhúdaraithe. Ag cur síos ar na taifid i gceist mar chumarsáid idir na hOspidéil agus cuideachtaí a raibh socruithe acu leo i ndáil lena n-obair, thug mé faoi deara, agus teorainn ar ionchais, nár bhain an chomhfreagracht le hothair aonair nó a neasghaolta. Ba é mo thuairim ghinearálta, nach bhfuil sé ceaptha ag alt 26 leasa comhlachtaí poiblí a chosaint agus chinn mé nach gcáilíonn na taifid seo do dhíolúine faoi alt 26(1)(b).

I ndéileáil le díolúine alt 26(1)(a) i gcomhthéacs na fáisnéise tugtha ag an bhFiosrú do na hOspidéil, bhreathnaigh mé nach bhféadfadh sé go raibh gealltanas nó ionchas réasúnta ag ceachtar páirtí go leanfadh an chomhfhreagracht eatarthu faoi rún. Bhain roinnt mhaith de chomhfhreagracht an Fhiosraithe le ceisteanna córasacha nó riaracháin agus ba í mo thuairim ná, fiú má bhí cuid den chaighdeán rúndachta a bhí de dhíth san fhaisnéis, ní rabhthas ábalta riachtanais uile alt 26(1)(a) a bhaint amach. Mar an gcéanna, fuair mé nár bhain alt 26(1)(a) leis na taifid a fuarthas ó tríú páirtithe.

Seachas roinnt bheag de thaifid a tharraing pribhléid ghairmiúil dhleathach, agus roinnt eile a bhí lasmuigh de scóip an iarratais nó ina raibh faisnéis inaitheanta maidir le hothair aonair nó neasghaolta, chinn mé amach nach raibh na taifid díolmhaithe agus gur cheart iad a scaoileadh. Bhraith mé, dá mbeadh sé riachtanach dá gcuirfí an triail do leasa poiblí a sholáthraítear dó i gcuid de na díolmhaithe éilithe i bhfeidhm, gheobhainn é go bhfreastalófaí níos fearr ar leas an phobail, tríd is tríd, trí iarratas FOI a dheonú. Bhí an tuairim seo bunaithe ar ábhar na dtaifead, an méid ama a chuaigh thart ó cruthaíodh iad, an fhíric gur cuireadh an Fiosrú chun críche agus ar an leas an-suntasach an phobail riartha trí thrédhearcacht maidir leis an mbealach a dhéanann comhlachtaí poiblí a ngnó ar son an phobail.

Rinne na hOspidéil na cinntí seo a achomharc chuig an Ard-Chúirt agus bhíothas ag feitheamh le dáta don éisteacht ag an am ar scríobhadh seo.

The Sunday Times agus Oifig na gCoimisnéirí Ioncaim – Cás-Uimhir 030624

Sa chás seo lorg The Sunday Times gach taifead a bhain le socrú ioncaim idir an tIar-Thaoiseach, an tUas. Cathal Ó hEochaigh, agus na Coimisinéirí Ioncaim. Cuireadh mionsonraí i ndáil leis an socrú ioncaim amach chuig an bpobal trí phreas ráiteas a shocrú idir an tUasal Ó hEochaigh agus na Coimisinéirí Ioncaim. Áiríodh ar na taifid a lorgaíodh an leagan deiridh den socrú comhaontaithe, cáipéisí inmheánacha a chur síos ar chur chuige na gCoimisinéirí maidir leis an socrú, miontuairiscí cruinnithe idir na Coimisinéirí Ioncaim agus gníomhaithe an Uas. Ó hEochaigh, agus sonraí maidir le hioncam agus caiteachas an Uas. Ó hEochaigh.

I mo chinneadh, leag mé amach mó thuiscint ar alt 22(1A). Bhraith mé gur díolúine lánroghnach é seo a thig a thoghairm nuair a bhaintear dhá chritéar amach: (i) nuair a bhaineann an taifead i gceist le ceapadh, gnó nó imeachtaí binse agus (ii) go ndéantar an t-iarratas roimh chríoch fheidhmeanna an bhinse. Fiú nuair a bhaintear an dá chritéar seo amach, áfach, caithfidh comhlacht poiblí cinneadh eile a dhéanamh fós faoi ar cheart dó a chumhacht i ndáil le rochtain a dhiúltú a chur i ngníomh.

Agus ag tabhairt faoi deara nach soláthraíonn an tAcht SF treoir i ndáil leis an mbealach a ba cheart an chumhacht a chur i ngíomh nó cad iad na gnéithe a ba cheart a chur san áireamh, cuirim liosta neamh-uileghabálach de thosca a d'fhéadfadh a bheith bainteach chun tosaigh. Déantar iad seo a liostáil go hiomlán sa chinneadh, agus tig amharc orthu ar www.oic.gov.ie agus áirítear orthu:

- an toimhde i bhfábhar scaoileadh faoin Acht SF
- ceanglais i ndáil le ceartas bunreachtáil
- nádúr na dtaifead agus an méid ina bhfuil faisnéis iontú atá suntasach agus/nó íogair d'fheidhmeanna, phróisis nó breithniúcháin an bhinse
- an mbeadh an chosúlacht ann go mbeadh níos mó muiníne ag an bpobal i bhfeidhmiúchán an bhinse de bharr nochta.

Sa chás seo, bhí mé sásta gur bhain na taifid le gnó nó imeachtaí 'Binse Moriarty' agus nach raibh a ghnó curtha i gcrích go fóill. Bhí mé sásta chomh maith gur bhain na taifid le ceisteanna íogaire. Dá réir sin, chinn mé go raibh na Coimisinéirí Ioncaim ceart maidir lena gcumhacht a chur i ngníomh faoi alt 22(1A) agus rochtain ar na dtaifid go leir a dhiultú. Chinn mé chomh maith go mbeadh nochtadh faisnéise arna sholáthar ag an Uasal Ó hEochaigh agus a ghníomhaithe le linn na n-idirbheartaíochtaí socraithe, cosúil le sonraí ar ioncam, caiteachas agus maoin an Uasail Ó hEochaigh, ina shárú ar dhualgas cothromais rúndachta agus go raibh sé díolmhaithe faoi alt 26(1)(b).

Chinn mé chomh maith go raibh feidhm ag díolúintí faoi ailt 21(1)(a) agus 23(1)(a)(ii) le roinnt taifead lena náirítear cáipéisí inmheánacha a mionshonraíonn cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis an socrú agus an gcomhfhreagras idir é féin agus an tUas. Ó hEochaigh. Tuilleadh eile, bhraith mé go raibh sonraí faoi cuntais bhainc, maoin agus ceisteanna airgeadais eile an Uasail Ó hEochaigh in a lán den fhaisnéis sna taifid agus bhreathnaigh mé gur seo faisnéis phearsanta an Uasail Ó hEochaigh agus mar sin go raibh sí díolmhaithe ó nochtadh faoi alt 28.

Cé nach bhfuil triail cothromaithe do leas an phobail ar bith in ailt 22(1A), 26(1)(b) nó 23(1)(a)(ii), mar sin féin phléigh mé argóintí an leasa phoiblí a chuir The Sunday Times chun tosaigh. Maidir lena n-áitiú go bhfuil leas an phobail níos láidre ná is gnách i ndáil le foilsiú na faisnéise a bhaineann leis an Uasal Ó hEochaigh, mar gur iarThaoiseach agus T.D. é, rinne mé trácht go raibh a leithéid de mholadh, dáiríre, ina argóint do scaoileadh faisnéise mar gheall ar cé hé an duine aonair nó mar gur cuireadh líomhaintí faoi leith i gcoinne an duine aonair sin. Fuair mé tríd is tríd, go raibh leas an phobail i bhfaisnéis a chosaint ó scaoileadh mar go raibh an tUas. Ó hEochaigh i dteideal an méid céanna de phríobháideacht ina dhéileáil leis na Coimisinéirí Ioncaim is a bheadh cáiníocóir ar bith eile agus nach raibh leas an phobail níos láidre nó níos laige nach cás cáiníocóra ar bith eile.

ATHLÉASÚ AR THAIFID LEIGHIS

Soláthraíonn alt 17 den Acht SF ceart athleasaithe ar fhaisnéis phearsanta i dtaifid atá coinnithe ag comhlacht poiblí agusa bhaineann le hiarrthóir ina bhfuil an fhaisnéis neamhiomlán, mícheart nó míthreorach. Cuimsíonn "leasú" sa chomhthéacs seo, an fhéidearthacht an fhaisnéis amhrasach a scriosadh ón taifead.

Comhlacht Poiblí – Cás-Uimhir 040143

Lorg an t-iarrthóir (Uas.X) roinnt de thaifid a scriosadh ó chomhad a bhí coinnithe ag an gcomhlacht poiblí bainteach. Teastas leighis a bhí i gceann de na taifid, a shínigh Dr. Y i 2002, a dheimhnigh nach raibh an t-iarrthóir ábalta dualgais a fhostaíochta a dhéanamh de bharr buanéiglíochta.

Shínigh Dr.Y an teastas gan scrúdú a dhéanamh ar an Uas.X nar bhuail sé leis ariamh. Bhunaigh sé a thuairim ar litir, arna dhátú Meitheamh 2002, a sholáthraigh GP an iarrthóra féin, Dr.A.

Lorg an tUas.X scriosadh an taifid ar an mbonn nach raibh an tuairim sa teastas leighis tacaithe ag litir Dr. A agus go raibh tuairim Dr.Y, mar a bhí sa teastas leighis, lochtach.

Thug mé faoi deara nach raibh litir Dr. A róshoiléir maidir le buanacht éiglíochta Uas. X. Cé go mbeadh sé ciallmhar dá ndéanfadh an Dr.Y seo a shoiléiriú do Dr.A, áfach, ghlac mé go raibh cúiseanna éigin ag Dr.Y a thuiscint go ndúirt Dr.A nach raibh an tUas.X ábalta a dhualgais a fheidhmiú de bharr buanéiglíochta. Mar sin, níor cheap mé go raibh an teastas neamhiomlán, mícheart nó míthreorach ag an am a chríochnaigh Dr.Y é.

Chinn mé gur léirigh an dá ghné seo, áfach, ag am mó chinnidh, gur éirigh tuairim Dr.Y contúirteach le bheith ag brath air. Ba iad na gnéithe ná:

- soiléiriú a sholáthraigh an Dr.A, i litir arna dhátú Iúil 2004, i ndáil leis an méid a bhí ceaptha go díreach ag a litir de Mheitheamh 2002 a chur in iúl
- mar gur thosaigh an tUas.X, ina dhiaidh sin, i bhfostaíocht a bhí cosúil leis an gcineál ar éirigh sé as.

Dá réir sin, cheap mé go raibh an teastas míthreorach, sé sin, dá mbeadh duine á léamh inniu bheadh siad den tuairim nach raibh an tUas.X fós ábalta dualgais a oifige a dhéanamh trí chúiseanna buanéiglíochta.

Cé go raibh an tUas.X ag lorg an taifead leighis a scriosadh, cheap mé go bhféadfaí déileáil go himleor leis an dochar a thiocfadh as an taifead a bheith i gcónaí trí ráiteas a chur leis ag rá (i) go raibh an teastas le léamh i gcónasc le litreacha Dr.A de Mheitheamh 2000 agus Iúil 2004, agus (ii) nach raibh an tUas.X ag fulaingt as buanéiglíocht níos mó agus go raibh sé ábalta dul ar ais ag obair.

ROCHTAIN AR THAIFID SHÍCIATRACHA

Trí dhéileáil le daoine ag lorg rochtana ar a dtaifid phearsanta shíciatracha, thug mé faoi deara go ndéanann roinnt comhlachtaí poiblí earráidí bunúsacha ina bhfeidhmiú d'alt 28(3) den Acht SF. Thug mé faoi deara freisin an deacracht a bhíonn ag daoine maidir le hiarracht a dhéanamh measúnú síciatrach neamhspleách a eagrú chun críocha alt 28(3) a bhréagnú faoi deara chomh maith 28(3). Léiríonn cás amháin den sórt seo lenar dhéileáil mé le linn 2005 seo.

An tUas X agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Limistéar Lár Tíre) – Cás-Uimhir 040348

Lorg an tUas.X rochtain ar thaifid a bhain lena choinneáil neamhdheonach in ospidéal síciatrach. Dhiúltaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar Lár Tíre (FSS) rochtain ar na taifid a d'iarradh ar bhonn na díolúine in alt 28(3) den Acht. Soláthraíonn seo go bhféadfaidh nochtadh na dtaifead leighis a dhiúltú má *"agus, i dtuairim an chinn lena mbaineann, go bhféadfaí dochar a dhéanamh do shláinte coirp nó meabhrach, do dhea-bhail nó do riocht mothúchánach an iarrthóra dá ndéanfaí an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh dó nó di."*

Soláthraíonn alt 28(4), nuair a toghraíonn comhlacht poiblí alt 28(3), tabharfar rochtain do ghairmí sláinte ar na taifid, mar go bhfuil saineolas aige in ndáil le hábhar na dtaifead agus gur ainmnigh an t-iarrthóir é. Is éard atá ceaptha ag an alt seo ná a chinntiú go tig faisnéis sna taifid a d'fhéadfadh a bheith anróiteach a thabhairt le cuidiú ó ghairmí sláinte a roghnaigh an t-iarrthóir. Baineann alt 28(4) go huathoibríoch i gcás ina mbrathann comhlacht poiblí ar alt 28(3).

Theip ar an FSS, áfach, ina chinntí athbhreithnithe bunúsacha agus inmheánacha araon an fhoráil ag alt 28(4) den Acht a chur i bhfeidhm. Feicimse seo mar theip shuntasach ó thaobh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de.

Le linn m'athbhreithnithe, cheistigh m'oifig ilfheidhmiú alt 28(3) maidir le gach taifead laistigh de scóip an iarratais agus d'ordaigh sí ar an FSS breathnú ar fheidmiú na forála do gach taifead ar bhonn aonair. De bharr seo cuireadh ceithre thaifead déag amach díreach ag an Uas.X. Ina measc, don chuid is mó, bhí taifid riaracháin, taifid drugaí agus tuairiscí saotharlainne seachas taifid le hábhar íogair, ar a bhfuil, tá an chuma, an fhoráil seo sonraithe. Is gnách go mbíonn an cineál seo d'ilfheidhmiú ina gné de chinnteoireacht roinnt comhlachtaí poiblí i ndáil le taifid shíciatracha agus tá seo míshásúil go leor ag cur san áireamh gur cheart gach taifead a scrúdú agus a mheasúnú ar bhonn aonair.

Thug an cás seo chun suntais chomh maith an deacracht a bhíonn ag iarrthóirí maidir le hiarracht a dhéanamh measúnú síciatrach neamhspleách a eagrú chun críocha éilimh déanta ag comhlacht poiblí go mbaineann díolúine ag alt 28(3). Agus mé ag cinneadh an raibh alt 28(3) toghartha mar is ceart ag an FSS, i ndáil leis na taifid a bhí fágtha, bhí sé riachtanach breathnú

ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil dom. Chuir an FSS ráiteas ghairmí sláinte isteach a mhaígh go ginearálta go bhféadfadh sé go ndéanfadh nochtadh dochar do shláinte mheabhrach an iarrthóra. Chuir aturnae an iarrthóra in iúl d'Oifig, áfach, nach raibh sé ábalta measúnú síciatrach neamhspleách a eagrú dá chliant. In easnamh na fianáise ábhartha ó shíciatraí eile nó ó ghairmí sláinte cuí, bhí orm mo chinneadh a bhunú ar an t-aon fhianaise a bhí ann, sé sin, an fhianaise a chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil. Mar sin, maidir leis na taifid a bhí fágtha, cheap mé go raibh an FSS ceart á ndiúltú ar an mbonn go raibh feidhm ag alt 28(3) den Acht.

CRUTHÚ DE THAIFID ÚRA D'FHONN IARRATAS A DHEONÚ

Corruair tig leis tarlú go lorgaíonn iarrthóir faisnéis ó chomhlacht poiblí nach bhfuil coinnithe aige is amhlaidh, ach a d'fhéadfadh sé a sholáthar, le méideanna áirithe de dheacracht, dá mbeadh an fhaisnéis sin d'fhonn taifead úr a chruthú. I 2005 dhéileáil mé le cás den sórt sin.

Ospidéal Ollscoilaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill - Cás-Uimhir 010072

Sa chás seo, bhí orm breathnú an bhfuil comhlacht poiblí faoi dhualgas taifead úr a thiomsú, ina bhfuil faisnéis bainteach amach as ilchnuasach taifead, mura bhfuil an fhaisnéis a d'iarradh coinnithe ag an gcomhlacht poiblí sa dóigh ar lorgaíodh í agus nach dtig í a sholáthar ach trí thaifead úr a chruthú. Chinn mé go soláthraíonn an tAcht SF ceart rochtana ar thaifid atá ann cheana amháin agus nach bhfuil gá le cruthú de thaifid úra d'fhonn iarratas a dheonú.

Bhraith mé go soláthraíonn alt 6 den Acht SF ceart rochtana a thabhairt do "thaifead ar bith coinnithe ag comhlacht poiblí" agus go soláthraíonn alt 7 go gcaithfidh duine a bheidh ag iarraidh úsáid a bhaint as an gceart sin "iarratas a dhéanamh...ar rochtain ar an taifead lena mbaineann...".

D'fhéach mé d'alt 12 den Acht SF chomh maith a bhaineann leis an mbealach a dtig rochtain a thabhairt ar thaifead. Cé go mbaineann an t-alt seo le rochtain ar thaifead a cheadú tríd an bhfaisnéis i dtaifead a athscríobh nó a dhíchódú, léiríonn teanga an ailt sin nach mór don fhaisnéis ag a mbeadh gá d'athscríobh nó díchódú den chineál seo a bheith i dtaifead inaitheanta. Bhí mé sásta nach bhfuil iarratas d'fhaisnéis ina iarratas bailí ach faoin Acht SF chomh fada is go dtig é a fhorléiriú mar iarratas do rochtain ar thaifead inaitheanta atá ann cheana ina bhfuil an fhaisnéis. De bharr nach raibh taifead ar bith ann ina raibh an fhaisnéis shonraithe go díreach mar a lorg an t- iarrthóir í, cheap mé gur bhain alt 10(1)(a) leis an iarratas. Soláthraíonn sé seo go bhfuil taifid nach bhfuil ann díolmhaithe faoin Acht.

SCÓIP NA N-ATHBHREITHNITHE INMHEÁNACHA

D'eascair ceist as cás amháin ar dhéileáladh leis le linn na bliana i ndáil leis an gcineál athbhreithnithe nach mór do chomhlacht poiblí a dhéanamh nuair a lorgaíonn iarrthóir athbhreithniú inmheánach.

Iníon X agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Limistéar an Oirthuaiscirt) - Cás-Uimhir 040140

Sa chás seo, lorg Iníon X rochtain ar thaifid coinnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Limistéar an Oirthuaiscirt (FSS). Ba é túschinneadh an FSS ná rochtain a cheadú trí chóipeanna de thaifid a chur ar fáil agus táillí "cuardaigh agus aisghabhála" agus costais cóipeála araon a chur i bhfeidhm. Chuir Iníon X isteach le haghaidh athbhreithnithe inmheánaigh ag maígh go raibh sí ag iarraidh na costais a achomharc. Ar athbhreithniú inmheánach, d'athbhreithnigh an FSS an cinneadh ina iomlán, chuir sé a thúschinneadh i ndáil le rochtain a cheadú trí chóipeanna a dhéanamh de na taifid ar ceall agus thairg siad rochtain a cheadú tríd iad a chur ar fáil chun féachaint orthu amháin. Bhí an chuma go raibh sí de thuairim an FSS go raibh an t-údarás ag an léirmheastóir athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné den bhunchinneadh agus ní hamháin an ghné ar a lorg an t-iarrthóir an t-athbhreithniú inmheánach. Le linn athbhreithnithe m'Oifige, d'aontaigh Iníon X scóip a hiarrtais a chúngú agus ceist na gcostas a bhaint amach, a raibh sí sásta a íoc anois, agus dhéileáil an t-athbhreithniú ansin le an raibh an FSS i dteideal an bealach a chuirtear rochtain ar fáil ag céim athbhreithnithe inmheánaigh a athrú amháin.

Bhreathnaigh mé an raibh an t-údarás ag léirmheastóir inmheánach athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné den bhunchinneadh nó an ghné ar a lorg an t-iarrthóir athbhreithniú inmheánach amháin. Ag féach do alt 14(1) den Acht a shonraíonn catagóirí faoi leith de chinneadh ar a d'fhéadfaí athbhreithniú a lorg, ba í mo thuairim, nuair a shainaithníonn an t-iarratas athbhreithnithe ceann de na catagóirí seo go soiléir, ní shamhlaíonn an tAcht go mbeadh an léirmheastóir inmheánach saor chun an t-athbhreithniú a dhéanamh trí thagairt do cheann eile de na catagóirí sainaitheanta in alt 14(1).

Bhraith mé dá mbeadh údarás iomlán

ag léirmheastóir inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach ceist de chás, ceann de na rudaí a d'fhéadfadh tarlú nach go mbeadh, i measc rudaí eile, údarás iomlán ag an léirmheastóir inmheánach cinneadh atá ann cheana i ndáil le rochtain ar thaifid a cheadú a threascairt. Bhreathnaigh mé nach bhfuil sé oscailte do léirmheastóir inmheánach, a fheidhmíonn faoi alt 14, ceart rochtana ar thaifid a bhaint amach nuair a bhíonn an cinneadh sin tugtha ag an túschinnteoir cheana. Ba í mo thuairim ná ba í loighic alt 14 ná nár cheart go mbeadh an duine ag lorg athbhreithnithe inmheánaigh faoi mhíbhuntáiste, de bhua an athbhreithnithe a lorg, maidir le ceist lasmuigh de scóip an athbhreithnithe mar a rinneadh.

Le linn an athbhreithnithe, rinne an FSS aighneachtaí a bhí mionsonraithe go maith maidir le deacrachtaí teicniúla agus deacrachtaí eile i gcóipeáil na dtaifead sin, ina raibh píosa scannáin ar fhístéip. Cé gur aithnigh mé dá ndéanfaí an t-iarratas a cheadú trí fhíschóip de scannán a chur ar fáil go bhféadfadh sé roinnt deacrachtaí a chruthú don FSS, ní raibh mé sásta nach raibh na deacrachtaí seo insáraithe. Ní raibh mé sásta ach oiread go raibh na deacrachtaí seo ar chineál ar a theastaigh rochtain a cheadú trí fhéachaint na fístéip, seachas cóip den fhístéip a chur ar fáil. I gcás ar bith, seo iad na breithnithe a ba chóir a bheith tarraingte anuas ag túschéim an chinnidh. Chinn mé, sa chás seo, go mba cheart go mbeadh an t-athbhreithniú cúngaithe ag léirmheastóir inmheánach an FSS go dtí ceist na gcostas agus ní do ghnéithe eile an túschinnidh. Ba í éifeacht mo chinnidh go seasann bunchinneadh an FSS, sé sin cóip den fhís a thabhairt don iarrthóir, agus go mbeidh leis na costais agus an éarlais a mhol an FSS ar dtús.

TAIFID AN RIALTAIS

Soláthraíonn Alt 19 den Acht SF cosaint ó nochtach do chineálacha éagsúla de thaifid curtha faoi bhráid, coinnithe ag, nó cruthaithe ag an Rialtas. I gcás lenar dhéileáil mé le linn na bliana, bhreathnaigh mé ar an méid ina dtig le feidhm a bheith ag an díolúine seo.

The Sunday Times agus an Roinn Airgeadais – Cás-Uimhir 040097

Sa chás seo, dhiúltaigh mé argóintí na Roinne Airgeadais nár cheart a mbreithniúcháin agus idirbheartaíochtaí ar dhílárú Ranna agus Gníomhaireachtaí an Rialtais a scaoileadh. Rinneadh na taifid, a chuimsigh moltaí a bhain le líon na foirne a bhí le dílárú, a chruthú roimh fhógra an Rialtais i 2003 maidir leis na láithreacha agus an líon a bhí bainteach.

Dhiúltaigh an Roinn ceithre cheann de na taifid a scaoileadh faoi alt 19 den Acht SF. Ghlac mé gur bhain alt 19 le Aide Memoire don Rialtas agus nótaí de chinntí an Rialtais (nár foilsíodh). Ní ghlacaim, áfach, go mbeadh nóta inmheánach a d'ullmhaigh oifigeach de chuid na Roinne agus a seoladh chuig oifigigh eile ina raibh liostaí de cheisteanna díláraithe le haghaidh díospóireachta díolmhaithe ó nochtadh faoin fhoráil seo. Rinne an nóta i gceist Meamraim don Rialtais (a bhí díolmhaithe iad féin ó nochtadh faoi alt 19) a lua agus a aithinsint. Rinne mé trácht nár bhain alt 19 le hábhar taifid ach gur bhain sé le cuspóir taifid agus na cuinsí inar cruthaíodh é i.e. caithfidh sé gur chuir Aire isteach chuig an Rialtas é nó gur mhol sé é a chur isteach chuig an Rialtas agus go ndearnadh é a chruthú chun na críche sin. Níor Aire, nó duine eile go deimhin, a chuir isteach an nóta a chruthaigh an t-oifigeach chuig an Rialtas agus is léir nár cruthaíodh é do na críche sin.

Mhaígh an Rialtas chomh maith go raibh an nóta agus dhá cháipéis eile díolmhaithe ó nochtadh faoi alt 2(1)(c) den Acht SF. Níl feidhm le alt 21(1)(c) ach nuair a bhféadadh rochtain ar thaifead staid idirbheartaíochta comhlachta phoiblí a nochtadh nuair a bhíonn leas an phobail in ábhar na taifead a chosaint. Bhí liostaí figiúir i ndáil le Roinn/Gníomhaireacht/Oifig an Rialtais i ndá cheann de na cáipéisí faoi na ceannteidil: (i) líon na foirne reatha, (ii) an líon molta (ag an am) do dhílárú, agus (iii) na figiúirí a mholadh roimhe ag gach Roinn/Gníomhaireach/Oifig. Bhí an argóint ag an Rialtas go mbeadh droch-iarmhairt ag nochtadh na faisnéise seo ar a idirbheartaíochtaí reatha agus amach anseo le ceardchumainn na seirbhíse poiblí, agus, fosta, a chaidreamh tionsclaíoch le foireann agus ceardchumainn i ngach comhlacht lena mbaineann.

Dhiúltaigh mé argóintí na Roinne. Le linn mo shocrú dúirt mé go raibh sé soiléir gur cruthaíodh na taifid mar chuid d'iomrá na Roinne agus nár cruthaíodh iad mar iarracht chun comhréiteach nó aontas leis na ceardchumainn a bhaint amach . Thug mé faoi deara nár ceist í an líon a bhí le dílárú, agus na láithreacha bainteacha, a bhí de réir idirbheartaíochta leis na ceardchumainn, i gcodarsnacht le, abair, socruithe ina dhiaidh sin i ndáil le hardaithe céime nó dualgais ar státseirbhísigh a aistriú lena Roinn/Gníomhaireacht/Oifig. Ghlac mé, áfach, go mb'fhéidir go mbeadh feidhm ag alt 20, a thig a úsáid chun taifid a bhaineann le próisis bhreithniúcháin chomhlachta phoiblí a dhíolmhú.

Tá alt 20 faoi réir tástála leasa an phobail chomh maith, áfach. Maidir leis seo, níor ghlac mé go ndéanfadh nochtadh na dtaifead dochar d'idirbheartaíochtaí na Roinne nó idirbheartaíochtaí de

cheann ar bith de na Roinn/Gníomhaireacht/Oifig aonair, go háirithe de bharr gur leag an tAire Airgeadais na figiúirí deiridh agus na láithreacha amach in urlabhra a bhuiséid i Nollaig 2003. Bhreathnaigh mé go raibh leas mór ag an bpobal i scaoileadh na dtaifead i bhfianaise bhunbhrí shuntasach an pholasaí dhíláraithe agus a iarsma ar shaoránaigh na tíre seo. Dá réir sin, thug mé an treoir rochtain a cheadú do na taifid lena mbaineann.

05

Staitisticí

Cé go dtagann fadhbanna chun cinn fós maidir le tráthúlacht sholáthar na staitisticí ó earnálacha áirithe, aithním go bhfuil feabhas tagtha sa réimse seo .....

INNÉACS DO NA TÁBLAÍ

Cuid I - Comhlachtaí Poiblí

Tábla 1 - FORBHREATHNÚ AR IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2005
Tábla 2 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO AGUS A RINNEADH A ACHOMHARC INA DHIAIDH SIN - 2005
Tábla 3 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUARTHAS, ANAILÍS DE RÉIR CHINEÁL IARRATASÓRA - 2005
Tábla 4 - FORBHREATHNÚ AR IARRATAIS AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2005
Tábla 5 - ANAILÍS AR IARRATAIS AR DHÉILEÁIL EARNÁIL NA SEIRBHÍSE POIBLÍ LEO - 2005
Tábla 6 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR RANNA/OIFIGÍ NA STÁTSEIRBHÍSE - 2005
Tábla 7 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR ÚDARÁIS ÁITIÚLA - 2005
Tábla 8 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE (FSS) - 2005
Tábla 9 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR OSPIDÉIL SHAORÁLACHA, SEIRBHÍSÍ SLÁINTE MEABHRACH AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ GAOLMHARA EILE - 2005
Tábla 10 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR COMHLACHTAÍ OIDEACHAIS TRÍÚ LEIBHÉAL - 2005
Tábla 11 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR COMHLACHTAÍ EILE - 2005
Tábla 12 - TÁILLÍ AR DHÉAILEÁIL COMLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2005

(Tugtar d'Aire: Figiúirí do na tablaí thuas arna soláthar ag Líonra Úsáideoirí na Státseirbhíse, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Grúpa Idirchaidrimh Saorála Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Saorálacha, an Grúpa Idirchaidrimh don Earnáil Ard-Oideachais agus arna dtiomsú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise).

Cuid II - Oifig an Choimisinéara Faisnéis

Tábla 13 - ANAILÍS AR IARRATAIS AR ATHBHREITHNITHE A FUARTHAS - 2005
Tábla 14 - ANAILÍS AR CHÁSANNA ATHBHREITHNITHE - 2005
Tábla 15 - IARRATAIS AR ATHBHREITHNITHE AR GLACADH LEO AG AN gCOIMISINÉIR FAISNÉISE - ANAILÍS DE RÉIR COMHLACHTA PHOIBLÍ - 2005
Tábla 16 - TORADH ATHBHREITHNITHE CRÍOCHNAITHE - COMPARÁID TRÍ BLIANA
Tábla 17 - ÁBHAR NA nIARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ AR GLACADH LEO - COMPARÁID TRÍ BLIANA
Tábla 18 - IARRATAIS AR GLACADH LEO DE RÉIR CINEÁIL - COMPARÁID TRÍ BLIANA
Tábla 19 - FIOSRUITHE GINEARÁLTA / AR GUTHÁN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL STAITISTICÍ 2005
Cuid I - Comhlachtaí Poiblí

TÁBLA 1 - FORBHREATHNÚ AR IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2005

Iarratais idir lámha - 01/01/2005		**5,484***
Iarratais a fuarthas i 2005		
Pearsanta	11,162	
Neamhphearsanta	3,228	
Measctha	226	
Iomlán		**14,616**
Iomlán na n-iarratas idir lámha le linn na bliana		20,100
Iarratais ar déileáladh leo		13,584
Iarratais idir lámha - 31/12/2005		**6,516**

* Choigeartaigh comhlachtaí áirithe a gcuid figiúirí do chásanna beo idir lámha ag deireadh 2004.

TÁBLA 2 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO AGUS A RINNEADH A ACHOMHARC INA DHIAIDH SIN - 2005

	Líon	Céatadán
Iarratais Saorála Faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo	13,584	100%
Athbhreithnithe inmheánacha a fuair comhlachtaí poiblí	581	4%
Iarratais ar ghlac an Coimisinéir leo	285	2%

TÁBLA 3 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUARTHAS, ANAILÍS DE RÉIR CHINEÁL IARRATASÓRA - 2005

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iriseoirí	963	6.5%
Lucht Gnó	817	5.5%
Comhaltaí den Oireachtas	129	1%
Baill foirne Comhlachtaí Poiblí	707	5%
Cliaint foirne Comhlachtaí Poiblí	6,048	41%
Eile	5,952	41%
Iomlán	**14,616**	**100%**

TÁBLA 4 - FORBHREATHNÚ AR IARRATAIS AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2005

	Líon	Céatadán
Iarratais a géilleadh dóibh	5,899	43%
Iarratais a géilleadh dóibh i bpáirt	3,615	27%
Iarratais a diúltaíodh dóibh	2,083	15%
Iarratais a aistríodh chuig an gcomhlacht cuí	224	2%
Iarratais a tarraingíodh siar nó a láimhseáileadh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	1,763	13%
Iomlán	**13,584**	**100%**

TÁBLA 5 - ANAILÍS AR IARRATAIS AR DHÉILEÁIL EARNÁIL NA SEIRBHÍSE POIBLÍ LEO - 2005

	Céatadán dár géilleadh	Céatadán dár géilleadh i bpáirt	Céatadán a diúltaíodh	Céatadán a aistríodh	Céatadán a tarraingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise	Iomlán
Ranna na Státseirbhíse	23%	36%	21%	1%	19%	100%
Údaráis Áitiúla	57%	20%	18%	0%	5%	100%
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	66%	16%	11%	3.5%	3.5%	100%
Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus gníomhaireachtaí gaolmhara	60%	14%	8%	1%	17%	100%
Institiúidí Tríú Leibhéil	55%	29%	8%	0%	8%	100%
Comhlachtaí Eile	31%	42%	10%	1%	16%	100%

TÁBLA 6 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR RANNA/OIFIGÍ NA STÁTSEIRBHÍSE - 2005

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	3,609	104	3	3,716
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	438	24	0	462
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	320	111	2	433
An Roinn Sláinte agus Leanaí	207	185	0	392
Na Fórsaí Cosanta	224	15	0	239
An Roinn Talmhaíochta agus Bia	111	78	0	189
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	3	120	0	123
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	10	109	1	120
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	64	50	0	114
An Roinn Airgeadais	14	78	1	93
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	69	17	0	86
An Roinn Iompair	6	72	0	78
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	2	65	0	67
Oifig na nOibreacha Poiblí	0	59	2	61
Roinn an Taoisigh	6	54	0	60
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	35	4	10	49
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	21	20	1	42
An Roinn Cosanta	23	18	0	41
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	1	27	1	29
Oifig Thithe an Oireachtais	1	14	0	15
Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí	8	3	1	12
Oifig an Choimisinéara um Luacháil agus um Shuirbhé Teorann na hÉireann	10	2	0	12
Oifig an Choimisinéara Faisnéise	0	4	1	5
An Phríomh-Oifig Staidrimh	1	2	0	3
An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	0	3	0	3
Oifig an Ard-Aighne	1	2	0	3
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	2	0	0	2
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	0	2	0	2
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	1	1	0	2
Oifig an Choimisinéara Achomharc do na hAchtanna Cánach	0	1	0	1
Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí	0	1	0	1
Oifig an Ombudsman	0	0	0	0
Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann	0	0	0	0
Iomlán	**5,187**	**1,245**	**23**	**6,455**

TÁBLA 7 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR ÚDARÁIS ÁITIÚLA - 2005

Údarás Aithiúil	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath	72	64	0	136
Comhairle Contae Chorcaí	12	88	0	100
Comhairle Chontae na Gaillimhe	9	69	0	78
Comhairle Contae Fhine Gall	19	52	2	73
Comhairle Chontae Dún Laoghaire - Rath an Dúin	15	57	0	72
Comhairle Chontae Lughaí	42	29	0	71
Comhairle Contae Ciarraí	8	44	15	67
Comhairle Contae an Chláir	3	46	0	49
Comhairle Chontae Átha Cliath Theas	12	36	0	48
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	13	30	0	43
Comhairle Chontae Dhún na nGall	5	37	0	42
Comhairle Chontae Loch Garman	8	31	1	40
Comhairle Chontae Maigh Eo	3	35	2	40
Comhairle Cathrach Chorcaí	10	28	0	38
Comhaire Cathrach na Gaillimhe	15	23	0	38
Comhairle Chontae na Mí	2	35	1	38
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	2	31	0	33
Comhairle Chontae Shligeach	14	17	0	31
Comhairle Chontae Luimnigh	1	26	1	28
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	5	22	0	27
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí	8	16	0	24
Comhairle Chontae Ros Comáin	5	13	5	23
Comhairle Chontae Liatroima	5	15	0	20
Comhairle Chontae Laoise	12	7	0	19
Comhairle Chontae Chill Dara	2	16	0	18
Comhairle Cathrach Luimnigh	8	10	0	18
Comhairle Contae Phortláirge	4	14	0	18
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	5	12	0	17
Comhairle Chontae Mhuineacháin	3	11	0	14
Comhairle Cathrach Phortláirge	7	7	0	14
Comhairle Chontae na h-Iarmhí	1	11	0	12
Comhairle Chontae an Longfoirt	2	8	0	10
Comhairle Chontae Cheatharlocha	2	5	0	7
Comhairle Chontae an Chabháin	0	5	0	5
Iomlán	**334**	**950**	**27**	**1,311**
Údaráis Réigiúnda	**0**	**0**	**0**	**0**
Comhthionóil Réigiúnda	**0**	**0**	**0**	**0**

* Tá figiúirí le haghaidh Comhairlí Baile agus Comhairlí Buirge istigh sna figiúirí den Chontae sin.

TÁBLA 8 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE - 2005

Limistéar	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An Deisceart	707	24	0	731
An tIarthar	488	26	7	521
An tOirdheisceart	462	33	0	495
An tIarthuasiceart	419	19	2	440
Limistéar an Tuaiscirt	343	23	0	366
An tOirthuaisceart	299	50	0	349
An tIarthar Láir	292	42	0	334
An Lár-Réigiún	210	16	4	230
Limistéar An tOirthuaisceart	164	51	0	215
Limistéar Chósta an Oirthir	99	27	0	126
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Náisiúnta) *	28	57	3	88
Iomlán	**3,511**	**368**	**16**	**3,895**

* Figiúr le haghaidh iarratais don iar-Údaras Sláinte Reigiúnach an Oirthir-Seirbhisí Corparáideacha agus Seirbhisí Rannpháirtithe.

TÁBLA 9 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR OSPIDÉIL SHAORÁLACHA, SEIRBHÍSÍ SLÁINTE MEABHRACH AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ GAOLMHARA EILE - 2005

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
Ospidéal Mater Misericordiae	173	20	0	193
Ospidéal Beaumont	126	18	1	145
Bord Ospidéal N. Séamas	107	18	0	125
Ospidéal na Trócaire, Corcaigh	115	2	0	117
Ospidéal na hOllscoile N. Uinseann	101	13	1	115
Bráithre na Carthanachta, Gaillimh	106	1	0	107
Ospidéal Thamhlachta (Ospidéal Adelaide agus na Mí, ag ionchorprú an Ospidéil Náisiúnta Leanaí)	92	13	0	105
Ospidéal an Rotunda	51	20	27	98
Otharlann Theas – Ospidéal Victeoiriach Teo., Corcaigh	94	1	0	95
Ospidéal N. Mhuire um Leanaí Breoite, Cromghlinn	69	5	0	74
Ospidéal Ollscoilaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill	71	2	0	73
Ord Spidiléirí N. Eoin Dé	61	0	0	61
An tOspidéal Ríoga Victeoiriach Súl agus Cluas	56	0	0	56
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles	52	3	0	55
Ospidéal Ban an Choim	49	3	0	52
Ospidéal N. Eoin, Luimneach	45	2	0	47
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapach, Baile Átha Cliath	35	0	0	35
Seirbhísí Iníonacha na Carthanachta	35	0	0	35
Bráithre na Carthanachta, Corcaigh	24	10	0	34
Ospidéal N. Mhuire, Baile Dhúghall	26	0	0	26
Bráithre na Carthanachta, Luimneach	17	0	0	17
Ospidéal N. Uinseann, Fionnradharc	13	0	0	13
An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire	9	2	0	11
Ospidéal Stíobhar	9	0	0	9
Seirbhísí Sunbeam House	8	0	0	8
Bráithre na Carthanachta, Port Láirge	7	0	0	7
Fondúireacht COPE	7	0	0	7
Deirfiúracha na Cartharachta	6	0	0	6
Teach N. Micheál	5	0	1	6
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	1	4	0	5
Ospís N. Pádraig	4	1	0	5
Ospidéal N. Liúc, Ráth Garbh	5	0	0	5
Ospidéal N. Micheál, Dún Laoghaire	3	2	0	5
Enable Ireland	5	0	0	5
An Lárchlinic Íocshláinte	4	0	0	4
Scoil agus Ospidéal Déadach BAC	3	0	0	3
Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe Cluain Tarbh	3	0	0	3
Cheshire Ireland, Dún Laoghaire	3	0	0	3
An Cumann Náisiúnta do Bhodhair	3	0	0	3
Eile (24 chomhlacht le níos lú ná 3 iarraidh an ceann)	6	4	1	11
Iomlán	**1,609**	**144**	**31**	**1,784**

TÁBLA 10 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR COMHLACHTAÍ OIDEACHAIS TRÍÚ LEIBHÉAL - 2005

Comhlacht Oideachais Tríú Leibhéal	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	42	17	1	60
Ollscoil Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide)	42	7	6	55
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh	35	16	3	54
Institiúid Teicneolaíochta, Port Láirge	10	39	2	51
Ollscoil Luimnigh	28	12	6	46
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach	25	3	4	32
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	21	9	0	30
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	18	9	0	27
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	13	6	0	19
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo	12	4	0	16
Institiúid Teicneolaíochta, Baile Átha Luain	6	5	0	11
Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach	2	9	0	11
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh	6	4	0	10
An tÚdarás Ardoideachais	0	9	0	9
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	4	3	1	8
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad	7	1	0	8
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	3	3	0	6
Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí	2	3	0	5
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	2	3	0	5
Institiúid Teicneolaíochta, Leitir Ceanainn	0	4	0	4
Institiúid Thiobraid Árann	0	3	0	3
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir	0	2	1	3
Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	0	3	0	3
Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht	0	3	0	3
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach	1	2	0	3
Eile (7 chomlacht le níos lú ná 3 athbhreithniú an ceann)	0	4	0	4
Iomlán	**279**	**183**	**24**	**486**

TÁBLA 11 - IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR COMHLACHTAÍ EILE - ANAILÍS DE RÉIR COMHLACHTA PHOIBLÍ - 2005

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	5	83	96	184
An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh	55	0	0	55
Clárlann na Talún & An Chlárlann Gníomhas	47	1	0	48
RTÉ	22	25	0	47
FÁS	19	23	3	45
An Príomh-Oifigeach Míochaine don Státseirbhís	33	0	0	33
Coimisiún Craolacháin na hÉireann	1	24	0	25
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil	0	21	0	21
An tSeirbhís Chúirteanna	8	13	0	21
An tSeirbhís Probhaidh agus Leasa	18	0	0	18
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	1	16	0	17
An Chomhairle Ealaíon	1	16	0	17
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	2	12	0	14
Bord Fuilaistriúcháin na hÉireann	3	6	0	9
Bord Cógas na hÉireann	0	9	0	9
An Bord Pleanála	0	9	0	9
Teagasc	7	1	0	8
Fáilte Ireland	0	8	0	8
Comhairle Spóirt na hÉireann	0	7	0	7
ÚFT Éireann	0	6	0	6
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	6	0	0	6
Forfás	1	4	0	5
Aerfort Neamhchustam na Sionna Teo	0	5	0	5
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	2	3	0	5
Údarás Naisiúnta Míchumais	2	2	0	4
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	1	3	0	4
Campas & Staidiam Éireann Teo	0	3	0	3
Bord Iascaigh an Deiscirt	0	2	1	3
Bord Iascaigh an Iardheiscirt	1	1	1	3
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	1	2	0	3
An tÚdarás Iomaíochta	0	3	0	3
Eile (67 comhlacht le níos lú ná 3 athbhreithniú an ceann)	6	30	4	40
Iomlán	**242**	**338**	**105**	**685**

TÁBLA 12 - TÁILLÍ AR DHEÁILEÁIL COMLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2005

	Iarraidh Bunaidh €	Athbhreithniú Inmheánach €	Cuardach agus Aisfháil €	Aisíocaíochtaí €	Táillí Glan €
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	17,025	3,700	9,985.51	2,269.73	28,440.78
Údaráis Áitiúla	13,465	3,835	1,931.91	576.65	18,655.26
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	2,975	150	5,221	15	8,331
Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus Gníomhhaireachtaí Gaolmhara Eile	1,320	300	3,598.69	61.90	5,156.79
Institiúidí Tríú Leibhéil	2,470	750	809.41	105	3,924.41
Comhlachtaí Eile	6,515	2,200	5,900.93	815	13,800.93
Iomlán	**43,770**	**10,935**	**27,447.45**	**3,843.28**	**78,309.17**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL STAITISTICÍ 2005
Cuid II - Oifig an Chiomisinéara Faisnéise

TÁBLA 13 - ANAILÍS AR IARRATAIS AR ATHBHREITHNITHE A FUARTHAS - 2005		
Iarratais ar athbhreithniú idir lámha - 1/1/2005	21	
Iarratais ar athbhreithniú a fuarthas i 2005	380	
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú idir lámha i 2005		**401**
Iarratais neamhbhailí	69	
Iarratais a tarraingíodh siar	18	
Iarratais a diúltaíodh	16	
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2005	285	
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú a breithníodh i 2005		**388**
Iarratais ar athbhreithniú idir lámha - 31/12/2005		**13**

TÁBLA 14 - ANAILÍS AR CHÁSANNA ATHBHREITHNITHE - 2005	
Athbhreithnithe idir lámha - 1/1/2005	501
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2005	285
Iomlán na n-athbhreithnithe idir lámha i 2005	**786**
Athbhreithnithe a críochnaíodh	447
Athbhreithnithe ar chuirtear ar aghaidh go 2006	**339**

TÁBLA 15 - IARRATAIS AR ATHBHREITHNITHE AR GLACADH LEO AG AN gCOIMISINÉIR FAISNÉISE - ANAILÍS DE RÉIR COMHLACHTA PHOIBLÍ - 2005

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		93
An Deisceart	22	
An tlarthar Láir	19	
An Lár-Réigiún	11	
An tOirdheisceart	11	
An tOirthuaisceart	8	
Limistéar Chósta an Oirthir	7	
An tlarthar	5	
Limistéar an Tuaiscirt	4	
Limistéar an tlardheisceart	4	
An tlarthuasiceart	2	
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta		25
Ollscoil Luimnigh		18
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí		17
An Roinn Talmhaíochta agus Bia		15
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath		10
Ospidéal an Rotunda		10
An Roinn Sláinte agus Leanaí		7
Na Fórsaí Cosanta		5
Comhairle Cathrach Chorcaí		4
Ollscoil Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide)		4
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí		3
Comhairle Bhaile Dún Dealgan		3
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil		3
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta		3
Comhairle Contae Chorcaí		3
Eile (48 chomhlacht le níos lú ná 3 iarraidh an ceann		62
Iomlán		**285**

TÁBLA 16 - TORADH ATHBHREITHNITHE CRÍOCHNAITHE - COMPARÁID TRÍ BLIANA

	2003	%	2004	%	2005	%
Breith dearbhaithe	254	34.89%	353	56.21%	204	45.64%
Breith Neamhnithe	16	2.20%	23	3.66%	18	4.03%
Breith athraithe	54	7.42%	30	4.78%	50	11.19%
Scoradh den iarratas	34	4.67%	13	2.07%	6	1.34%
Thángthas ar shocrú	154	21.15%	32	5.10%	44	9.84%
Tarraingíodh siar	216	29.67%	177	28.18%	125	27.96%
Athbhreithnithe críochnaithe	**728**	**100.00%**	**628**	**100.00%**	**447**	**100.00%**

TÁBLA 17 - ÁBHAR NA nIARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ AR GLACADH LEO - COMPARÁID TRÍ BLIANA

	2003	%	2004	%	2005	%
Diúltú rochtana	846	92%	258	77.48%	211	74.04%
Agóidí ag tríú páirtithe i gcoinne scaoilte faisnéise fúthu nó arna soláthar acu	27	3%	29	8.71%	39	13.68%
Leasú ar thaifid faoi alt 17	23	2%	20	6.01%	13	4.56%
Ráiteas cúiseanna faoi alt 18	18	2%	25	7.51%	17	5.96%
Breith chun táille a ghearradh	8	1%	1	0.30%	5	1.75%
Iarratais ar glacadh leo	**922**	**100%**	**333**	**100%**	**285**	**100.00%**

TÁBLA 18 - IARRATAIS AR GLACADH LEO DE RÉIR CINEÁIL - COMPARÁID TRÍ BLIANA

	2003	%	2004	%	2005	%
Pearsanta	649	70.39%	160	48.05%	118	41.40%
Neamhphearsanta	206	22.34%	123	36.94%	124	43.51%
Measctha	67	7.27%	50	15.01%	43	15.09%
Iomlán	**922**	**100.00%**	**333**	**100.00%**	**285**	**100.00%**

TÁBLA 19 - FIOSRUITHE GINEARÁLTA / AR GUTHÁN

Bliain	Lion
1999	130
2000	799
2001	1,136
2002	1,047
2003	1,090
2004	1,306
2005	1,396
Iomlán	**6,904**

Aguisín I

Tuarascáil ar Dheimhnithe ó Áiri Arna n-Eisiúint faoi Alt 25



DEPARTMENT OF JUSTICE,
Old Faculty Building
Stephen's Green
Dublin 2

AN ROINN DLÍ agus CIRT,
AITHCHÓIRITHE DLÍ

Mr Pat Whelan
Office of the Information Commissioner
18 Lower Lesson Street
Dublin 2

Section 18 and Section 25 of the
Freedom of Information Acts, 1997 & 2003

Dear Mr Whelan,

I refer to your letter of 13 January 2006 in which you requested an update on the number of Section 20 and Section 25 Certificates that issued in 2005 by this Department.

I wish to inform you that the Secretary General of the Department did not issue any Certificate under Section 20 of the FOI Act in 2005.

In relation to Ministerial Certificates under Section 25 of the FOI Act, no new certificates issued. The Minister did renew one existing Section 25 certificate on 5 August, 2005 and I am enclosing a copy of same for your attention.

If there is any further information you require in relation to this issue, please do not hesitate to contact me.

Yours sincerely,

Mícheál Hogan
Freedom of Information Officer
20 January 2006

Received
24 JAN 2006
Office of the
Information Commissioner

Aguisín II

Athbhreithniú faoi Alt 25(7) ar Dheimhnithe Arna n-Eisiúint ag Áirí

Received
05 JAN 2006
Office of the
Information Commissioner

Roinn an Taoisigh
Department of the Taoiseach

4 January 2006

Ms. Emily O'Reilly
Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Re Review of Section 25 of the Freedom of Information Act 1997.

Dear Commissioner,

While it is not expressly required by the provisions of the Freedom of Information Act 1997, I would like to inform you that pursuant to section 25 (7) of the Act, The Taoiseach, Tánaiste and Minister for Finance on 28th September 2005 carried out a review of the operation of the Act, for the year ended April 2001. The certificate in question are those issued by the Minister for Justice, Equality and Law Reform on 8 August 2003, 20 February, 2004 and 24 March 2004.

Having completed the review, the Taoiseach, Tánaiste and Minister for Finance are satisfied that it is not necessary to request revocation of any of the three certificates which were the subject of the review – copies of the forms signed by the witnesses to that effect are attached.

Yours sincerely,

Patricia Wilkinson

cc. Ms. Maeve Hogan, FOI Officer, Department of Justice, Equality and Law
Reform.

Tithe an Rialtas, Baile Átha Cliath 2
Government Buildings, Dublin 2.

Foireann

ARD-STIÚRTHÓIR
Pat Whelan

IMSCRÚDAITHEOIRÍ SINSEARACHA
Fintan Butler
Seán Garvey

IMSCRÚDAITHEOIRÍ
Ciara Burns
Melanie Campbell
Liz Dolan
Cathal Duffy
Maria Dunne
Anne Moran
David Nutley
Marie O'Brien
Des O'Neill
Colin Stokes

AONAD TACAÍOCHTA
Roseanne Brown
Mary Byrne
Chris Cogan
Frank Forde
Elizabeth Martin
David Stone



Innéacs

Achomhairc chuig an Ard-Chúirt agus an gCúirt Uachtarach 14
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 16
Acht Oideachais (Alt 53) 20 - 22
Aide Memoire don Rialtas 38
Aire Airgeadais 15, 23, 24, 39
Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 14
Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta 16
Aire Oideachais agus Eolaíochta 6, 20 - 22
Aire Sláinte agus Leanaí 23, 33
Am a Chaitear le hAthbhreithnithne a Chríochnú 12
Ard-Aighne 29
Ard-Chúirt 11, 14, 20 - 22, 30, 34
Athbhreithniú ar an Láithreán Greásáin 16
Athbhreithniú ar Fhorálacha Neamhnochta 15
Athbhreithnithe ar Chinntí 12

Bainistíocht Taifead 27
Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 15
Barney Sheedy v. an Coimisinéir Faisnéise 30
Binse Moriarty 35
Bord Altranais 15
Bord Comhairle um Cheapacháin Bhreithiúnacha 15
Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 15
Bord Sláinte an Limistéir Thiar Theas v. an Coimisinéir Faisnéise 30
Bord Uchtála 15
Bord um Shásamh Insitiúidí Cónaithe 15
Bunreacht na hEireann 25, 27

Cásanna Aistarraingthe/Díscoirthe 13
Chomhairle Leighis 15
Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta 15, 23
Cineál Iarratais 10
Cineál Iarrthóra 10
Cinntí Foirmiúla 12, 13
Clár um Riachtanas Fuinnimh Mhalartaigh 28
Coillte Teoranta 28 ,29
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána 15
Coimisiún na Scrúduithe Stáit 15
Coimisiún um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 15
Coistí Gairmoideachais 15
Comh-Aireacht 14
Comhairle na hEorpa 6
Comhchoiste um Airgeadais agus an tSeirbhís Phoiblí 5, 6, 15
Comhlachtaí úra faoi Théarmaí Tagartha an Achta SF 14
Crois Dhearg na hÉireann 15
Cúirt Cheartais na hEorpa 29
Cúirt Uachtarach 5, 14, 20, 21, 25, 30

Daoine Éagtha (Rochtain ar Thaifid) 7, 23 - 27
Dílárú 38
Dlí-Chumann na hÉireann 15

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 5, 6,10, 22, 27, 36, 37
Fiosrú Dunne 34
Fiosruithe Ginearálta 13
Fógraí Reachtúla 13

Garda Síochána 15
Ghníomhaireacht Bainistíochta um Státchiste Náisiúnta 15
Gníomhaireacht Éileamh an Stáit 15
Grúpa de Stáit in aghaidh Éillithe (GRECO) 6
Grúpa Oibre Idir-rannach na Saorála Faisnéise 9, 24

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) 30
Iompar Amhrasach de Chomhlacht Poiblí agus Triú Páirtí 28

Lár-Oifig Iontrála (CAO) 15, 22
Láraonad Polasaí (CPU) 9
Léibhéal na n-Iarratas chuig Comhlachtaí Poiblí 9

Meamraim don Rialtais 38

N.McK agus An Coimisinéir Faisnéise 25, 26

Oifig an Bhinse Achomharc Dhídeanaithe 15
Oifig an Choimisinéara Cánach Feirme 28

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe 15
Oifig an Ombudsman 16, 17
Oifig Luachála 28
Oifig na gCoimisnéirí Ioncaim 35
Oifig Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta 23
Oireachtas 15, 21, 25, 26, 33
Ospidéal Náisiúnta Máithreachais 33
Ospidéal Naomh Mhuire um Leanaí Breoite 27, 33
Ospidéal Ollscoilaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill 37

Páistí faoi Chúram an Stáit 16

Rátaí Scaoilte 10
Rialtas 14, 15, 28, 29, 38
Rochtain ar Thaifid Institiúideacha agus Ghaolmhara 16
Roinn Airgeadais 5, 9, 26, 38
Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha 28
Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 15
Roinn Oideachais agus Eolaíochta 5, 11, 13, 15, 23
Roinn Sláinte agus Leanaí 16

Scoileanna Tionscalaíocha agus Ceartúcháin 15
Scóip na nAthbhreithnithe Inmheánacha 37
Seirbhís Chúirteanna 30
Seirbhísí Cúraim Leanaí 11
Seirbhís Phríosúin na hÉireann 15
Socruithe 13
Staitisticí 6, 9 - 11, 41-52

Taifid a Bhaineann le Binsí nó Fiosraithe 33
Taifid Daoine Éagtha 23, 24
Taifid Leighis 23, 27, 35, 36
Taillí 5, 6, 9, 10, 12, 16
Tánaiste 14
Taoiseach 14, 35
Teastais éisithe faoin Acht SF 14
Thaifid úra a Chruthú 37
Toradh na nAthbhreithnithe 12
Tuarascáil Imscrúdaithe 2004 6, 9, 12
Tuarascálacha Cigireachta ar Scoileanna 5, 6, 19-23, 30
Tuarascálacha Cigireachta ar Thithe Altranais 5, 6, 22, 23

Údarás Rialaithe Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 15

arches of CIA planes

experts' advice

€5m centre for troubled teenagers still closed

Taxpayers are paying for dirty hospitals, says group

Welcome to China, Mr Ahern — just don't mention human rights

be into
ths of 95 at
sing home

Minister upstages bosses with €13,000 photo splurge

Judge expenses disclosure 'a threat to State secu

Inspectors found nursing homes in a filthy state

ir influence: FF 'gang'
Dowell's cafe bar idea

port details level
within MediaLab

Plan to roll over Viking site backed to cut costs

Ticket plan stalle
by transport feuc

controversial and
nsultant-heavy

New documents show a lack of governance and an over-reliance

Pearsanu cam ag agallamh pleanála Gaeilge